



An Ghníomhaireacht  
Tithíochta  
The Housing Agency

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais — 2022





Dáta: Samhain 2023

ISBN 978-1-903848-87-6

The Housing Agency, 53 Mount Street Upper,  
Dublin 2, DO2 KT73, Ireland

# Ábhar

<b>Cé Muid Féin &amp; Cad A Dhéanaimid</b>	<b>4</b>
Ár Luachanna	4
Ár Ról	5
Ár dTéamaí	6
Ár gCuspóirí Straitéiseacha	7
Ár bPáirtithe Leasmhara	8
An chaoi a nDéantar Bainistíocht Orainn	10
Ár bPríomhéachtaí sa Bhliain 2022	16
Foilseacháin 2022	18
<b>Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin</b>	<b>19</b>
<b>Tuarascáil Feidhmíochta 2022</b>	<b>22</b>
Téama: A bheith mar Lárionad maidir le hEolas Tithíochta;	22
Téama: An bhearna idir Éileamh agus Soláthar maidir le Tithíocht a líonadh	30
Téama: Toilleadh a fhorbairt maidir le Tithíocht.	45
(i) Cumas sa Chóras Tithíochta:	45
Téama: Toilleadh a fhorbairt maidir le Tithíocht.	52
(ii) Cumas Eagraíochtúil sa Ghníomhaireacht Tithíochta	52
<b>Cúrsaí Rialachais</b>	<b>53</b>
<b>Cúrsaí Corparáideacha</b>	<b>56</b>
<b>Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil Rialachais</b>	<b>59</b>
<b>Deimhniú Iniúchta</b>	<b>110</b>

# Cé Muid Féin & Cad A Dhéanaimid

Is comhlacht rialtais í An Ghníomhaireacht Tithíochta a bhfuil fíís aici forbairt pobail inbhuanaithe a chur chun cinn.


Is é misean na Gníomhaireachta Tithíochta soláthar tithíochta a chur chun cinn chun éileamh reatha agus amach anseo a shásamh. Déanaimid é seo trí:

- a bheith mar ionad saineolais ar thithíocht.
- tacú le forbairt Beartais Tithíochta.
- cur chun feidhme cláir tithíochta éifeachtacha i gcomhar le daoine eile.

Bímid ag obair i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúla agus Oidhreacht, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i soláthar tithe agus seirbhísí tithíochta. Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta An Scéim um Leasúchán Piríte i bhfeidhm freisin agus tá ról aici mar ghníomhaire na n-údaráis áitiúil faoin Scéim Deontais Feabhsaithe um Bloic Coincréite Lochtacha.

Táimid faoi réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáiturratithe a Rialú agus faoi réir an Chóid Caiteachais Phoiblí. Bímid ag feidhmiú ar bhealach go hiomlán freagrach agus trédhearcach.

## Ár Luachanna



# Ár Ról




Tacaíonn An Ghníomhaireacht le soláthar agus bainistíocht tithíocht sóisialta ag údaráis áitiúla agus ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe. Oibrímid go dlúth leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le forbairt agus feidhmiú polasaí tithíochta.

---

Bunaíodh An Ghníomhaireacht Tithíochta go foirmiúil sa bhliain 2012 agus tá forbairt shuntasach tar éis teacht ar ár ról ó shin. Faoi Thithíocht do Chách (straitéis náisiúnta tithíochta an rialtais), tá freagrachtaí ag an nGníomhaireacht Tithíochta thar raon réimse:

- Tacú le tithe inacmhainne agus tithe ar cíos de réir costais a sholáthar.
- Soláthar tithíocht sóisialta a mhéadú.
- Soláthar forbairtí árasáin i gceantair uirbeacha a chur chun cinn.
- Ionaid réadmhaoine fholmha a thabhairt ar ais chun fóntachta.
- Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta, lena n-áirítear easpa dídine, míchumas, daoine aosta, agus cosaint idirnáisiúnta.
- Comhordú An Scéim Náisiúnta Morgáiste go Cíos.
- Tithe a athchóiriú de réir an Scéim um Leasúchán Piríte.
- Tacú le húdaráis áitiúla chun an Scéim Feabhsaithe Deontais do Bhloic Lochtacha Coincréite a sholáthar.

Ráiteas Straitéise 2022-2024, a ndéanann an obair na Ghníomhaireachta Tithíochta a frámú faoi na trí théama leathan, a rinne an eagraíocht a threorú i 2022.

Cuspóir	Cad a dhéanaimid	Conas a Dhéanaimid É
 <b>Eolas ar Thithíocht</b>	Sonraí tithíochta, measúnachtaí, agus fianaise ardchaighdeáin, dírithe agus tráthúil a chur ar fáil chun eolas a dhéanamh don chinnteoireacht ag an rialtas, údaráis áitiúla, CTCanna agus gach páirtí leasmhar.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Taighde agus sonraí</li> <li>• Anailís eacnamaíoch</li> <li>• Athbhreithniú agus meastóireacht</li> <li>• Tacú le forbairt beartais</li> </ul>
 <b>Acmhainn Tógála</b>	Cur i bhfeidhm clár rialtais a chomhordú agus soláthar réiteach tithíochta a chumasú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Soláthar tithíochta</li> <li>• Cúnamh teicniúil</li> <li>• Tacaíochtaí ionchuimsithe shóisialta</li> <li>• Saineolas ar bhainistíocht tionscadail</li> </ul>
 <b>Soláthar agus Éileamh</b>	Tacaíocht a thabhairt don earnáil trí oideachas agus eolas maidir le soláthar tithíochta agus bainistíocht tithíochta a fheidhmiú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Oiliúint agus Oideachas</li> <li>• Treoir, sraith straitéisí, teimpléid</li> <li>• Seirbhísí comhairleacha tithíochta</li> <li>• Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara</li> </ul>

## Ár dtéamaí




# Ár gCuspóirí Straitéiseacha



## Feidhmiú mar lárionad maidir le hEolas ar Tithíocht;

- Feidhmiú mar cheannródaí a bhfuil meas ag daoine air maidir le léargas agus nuálaíocht tithíochta
- Smaointeoireacht nua a fhorbairt agus a roinnt
- Cur le forbairt pholasaí
- Eolas a dhéanamh don dioscúrsa poiblí maidir leis an gcóras tithíochta i gcomhar le geallsealbhóirí
- Meicníochtaí measúnaithe oiriúnacha a fhorbairt.



## Idirlinne a Chur le Soláthar agus Éileamh Tithíochta

- Tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a fheabhsú
- Soláthar na dtithe inacmhainne a mhéadú
- Cabhrú le díothú na heaspa dídine
- Tacú le polasaithe ionchuimsithe sóisialta sa soláthar tithíochta
- Soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú
- Cabhrú le geallsealbhóirí a gcuid pleananna gnímh maidir le soláthar tithíochta a chur i bhfeidhm
- Aghaidh a thabhairt ar fholúntas agus úsáid éifeachtach an stoic atá ann
- Dul i ngleic le ceisteanna a thagann chun cinn ar son an rialtais.



## Acmhainn Tógála le haghaidh na Tithíochta


### Acmhainn sa Chóras Tithíochta:

- Foghlaim agus Saineolas
- Gairmithe tithíochta mar phobal cleachtais
- Ionchuimsiú sóisialta san earnáil tithíochta

### Cumas Eagraíochtúil sa Ghníomhaireacht Tithíochta

- Cinntiú go bhfuil múnla, struchtúir agus cumas oibriúcháin na heagraíochta oiriúnach don chuspóir agus na spriocanna eagraíochtúla a leagadh amach sa straitéis seo
- Seirbhís ghairmiúil agus ardchaighdeán a chur ar fáil do gheallsealbhóirí na Ghníomhaireachta
- Cabhrú leis an nGníomhaireacht na leibhéil is airde i gcúrsaí rialaithe na hearnála poiblí a bhaint amach ó thaobh feidhmíochta de.

# Ár bPáirtithe Leasmhara







# An chaoi a nDéantar Bainistíocht Orainn

Is é bord a cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a rialaíonn an Ghníomhaireacht.

---

Tá an Bord freagrach as tionchar a imirt ar ár dtosaíochtaí, as ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil, agus as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme ár bhfeidhmeanna. Bunaíodh Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca agus Coiste Straitéise chomh maith.

Tá trí phainéal chomhairleacha chun rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a mhéadú agus chun leas a bhaint as réimse saineolais. Ba iad seo a leanas na painéil a bhí i bhfeidhm agus ag feidhmiú le linn na bliana 2022:

- Taighde agus Léargas.
- Soláthar agus Inacmhainneacht.
- Easpa Dídine

## Our Board



**Michael Carey**  
**Cathaoirleach**  
An Ghníomhaireacht Tithíochta.



**Donal McManus**  
Comhairle na hÉireann um  
Thithíocht Shóisialta.



**David Duffy**  
Property Industry Ireland,  
Cónaidhm Ghnólachtaí agus  
Fhostóirí na hÉireann (IBEC).



**Fiona Lawless**  
Comhairle Contae na Mí



**Kevin Kelly**  
Comhairle Contae Mhaigh Eo.



**Eileen Gleeson**  
IarStiúrthóir Easpa  
Dídine Réigiún Bhaile  
Átha Cliath.



**Dervla Tierney**  
Comhalta Neamhspleách.



**Aine Stapleton**  
An Roinn Tithíochta, Rialtais  
Áitiúil agus Oidhreachta.




**Niamh Callaghan**  
An Roinn Caiteachais  
Phoiblí agus Athchóirithe.



**Tony O'Brien**  
Sainchomhairleoir  
Bainistíochta.



**Bob Jordan**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,  
An Ghníomhaireacht Tithíochta.



## Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

TDéanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta maoirseacht ar phríomhréimsí bainistíochta airgeadais agus riosca laistigh den eagraíocht. Sa bhliain 2022, ba iad comhaltaí an choiste:

- **Tony O'Brien**, Sainchomhairleoir Bainistíochta.
- **Alec Flood**, An Bord um Réiteach Piríte.
- **Donal McManus**, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta.
- **Fiona Lawless**, Comhairle Contae na Mí.

## An Coiste Straitéise

Déantar monatóireacht ag ár gCoiste Straitéise ar phleanáil agus ar fheidhmiú straitéiseach na heagraíochta. Ar an 31 Nollaig 2022, ba iad comhaltaí an choiste:

- **Michael Carey**, Cathaoirleach, An Gníomhaireacht Tithíochta.
- **Tony O'Brien**, Sainchomhairleoir Bainistíochta.
- **Aine Stapleton**, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- **Donal McManus**, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta.
- **Bob Jordan**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Gníomhaireacht Tithíochta.
- **David Silke**, Stiúrthóir na n-Oibríochtaí, An Gníomhaireacht Tithíochta.
- **Ciara Galvin**, Rúnaí Boird, An Gníomhaireacht Tithíochta.

Níor bhuaill an cJoiste seo sa bhliain 2022.

## Painéil Chomhairleacha

Tá ár bpainéil comhairleacha i bhfeidhm ó 2019. Cuireann siad fóram ar fáil don Bhord chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara. Cuireann sé seo ar chumas an Bhoird dul i gcomhairle leis na painéalaithe faoi shaincheisteanna maidir le tithíocht agus a n-aiseolas a fháil. Le linn 2022, rinneadh athbhreithniú ar ár bpainéil comhairleacha agus glacadh le téarmaí tagartha nuashonraithe do gach painéal i Meán Fómhair, 2022. Ar 31 Nollaig 2022, ba iad comhaltaí na bpainéal



### Easpa Dídine

- **Michael Carey (Cathaoirleach)**, Bord na Gníomhaireachta Tithíochta.
- **Mary Hayes**, Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath.
- **Ivan Grimes**, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.
- **Martin Hannigan**, Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath.
- **An Dochtúir Austin O'Carroll DG**, Foireann Freagartha Covid-19 le haghaidh Easpa Dídine i mBaile Átha Cliath.
- **Anne Cronin**, Sainchomhairleoir Bainistíochta agus Taighde, FSS.
- **Kerry Anthony**, Inspire Wellbeing.

Reáchtáladh dhá chruinniú den phainéal comhairleach um Easpa Dídine le linn 2022. I measc téamaí a pléadh le linn na bliana bhí Tús Áite do Thithíocht; Cáipéisíocht do sheirbhísí for-rochtana; tacaíochtaí cothabháil tionóntachtaí, lena n-áirítear úsáid an ÍCT; agus an ÍCT easpa dídeana agus seirbhísí um chosaint tionóntachtaí.



### Taighde agus Léargas

- **David Duffy**, Property Industry Ireland agus An Bord Gníomhaireachta Tithíochta
- **Joe Frey**, Comharionad na RA um Fhianaise Tithíochta.
- **Marian Finnegan**, Sherry Fitzgerald.
- **An t-Ollamh Ken Gibb**, Comharionad na RA um Fianaise Tithíochta.
- **Rosalind Carroll**, an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta.
- **Conall McCoille**, Davy.
- **Martin Tully**, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
- **Martin Hough**, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Reáchtáladh trí chruinniú den phainéal comhairleach um Thaighde agus Léargas le linn 2022. Clúdaíodh topaicí amhail comhoibriú ón nGníomhaireacht Tithíochta le Foras Ailtireachta na hÉireann, Cláir Tacaíochta Taighde an Gníomhaireacht Tithíochta; taighde réamhghníomhach don Gníomhaireacht Tithíochta agus 'dearbhu cáilíochta'. Ina theannta sin, chuaigh comhaltaí an phainéil i dteagmháil leis an bhfeidhmeannach maidir le cur i dtoll straitéis taighde don Gníomhaireacht Tithíochta.



### Soláthar agus Inacmhainneacht

- **Michael Carey (Cathaoirleach)**, Bord na Gníomhaireachta Tithíochta.
- **Neil Durkan**, Cumann Tógálaithe Tithe na hÉireann.
- **Margaret Geraghty**, Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil.
- **John McLean**, Radius Housing.
- **Noel Cahill**, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta.
- **Claire McManus**, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
- **David Duffy**, Irish Institutional Property agus Bord na Gníomhaireachta Tithíochta.

Reáchtáladh dhá chruinniú den Phainéal Comhairleach um Sholáthar agus Inacmhainneacht le linn 2022. I measc nithe a clúdaíodh sna seisiúin painéil bhí Scéim Ceannaigh Inacmhainne Údarás Áitiúil; Scéim an Chéad Bhaile agus an ról agus caidreamh idir na scéimeanna chun tithíocht inacmhainne a sholáthar; agus ról Oifig an Rialaitheora Pleanála i bhforbairt próiseas plean athbhreithnithe agus athchóiriú pleanála.


### Ár bhFoireann

Déanann feidhmeannach agus foireann na Gníomhaireachta Tithíochta an obair agus soláthar seirbhísí laethúil. Déanann siad riarachán agus gnó na Gníomhaireachta Tithíochta a bhainistiú, go léir faoi réir maoirseachta an bhoird. Tá ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bob Jordan, i gceannas ar an nGníomhaireacht Tithíochta agus tá sé freagrach as ceannaireacht agus treoir na bhfeidhmeanna feidhmeannach uile.


Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as cur chun feidhme na Scéime um Fheabhsúchán Piríte. Rialaíonn an Bord um Réiteach Piríte an Scéim seo.

Ar 31 Nollaig 2022, bhí 133 ball foirne ag an nGníomhaireacht a raibh foireann ardbhainistíochta i gceannas orthu. Ba iad:


- **Bob Jordan**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.
- **Sinéad Dunne**, Príomhoifigeach Airgeadais
- **David Sike**, Stiúrthóir na Léargas agus n-Oibríochtaí
- **Jim Baneham**, Stiúrthóir Soláthar agus Nuálaíocht.
- **Claire Feeney**, Stiúrthóir Seirbhísí agus Ionchuisiú
- **Peter Hesse**, Príomhoifigeach, Tionscadail, Soláthar agus Cláir.



## Ár bPríomhéachtaí sa Bhliain 2022




Ceadaíodh **579** teach ar cíos de réir costais, mar aon le soláthar **470** teach ar cíos de réir costais le linn na bliana.




# 85

teach faighte le haghaidh tithíocht sóisialta faoi chláir éadála éagsúla.

Rinneadh **34** iarratas údarás áitiúil a mheas do Chiste Tithíocht Inacmhainne (CTI) maoiniú chun **2,220** tithe inacmhainne a sholáthar go dtí 2026.




Rinneadh measúnú ar **241** iarratas de chuid an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta le haghaidh Íocaíocht agus Infhaighteacht agus maoiniú Dul Chun Cinn Caipitil maidir le hÁis Léasú chun breis is **6,450** teach a sholáthar.




## 500 teach

Tugadh tacaíocht do sholáthar breis is **500** teach trí sheirbhísí teicniúla, ailtireachta agus dearaidh a cuireadh ar fáil.



Rinneadh feabhsúchán ar **235** teach faoin Scéim um Fheabhsúchán Piríte, fágann sin gurb é **2,527** líon na dtithe a ndearnadh feabhsúchán orthu don scéim.





Seoladh léiriú spéise do **Chroí Cónaithe (Cathracha)**

Sa bhliain 2022, rinneadh measúnú ar **2,371** lasachtaí Tithíochta ón Údarás áitiúil (lasacht Tithíochta Atógáil Éireann a tugadh orthu roimhe seo). Moladh **6,131** iarratas iasachta le haghaidh faofa ó cuireadh tús leis an scéim i bhFeabhra 2018.



# 432


Cuireadh **432** cás Morgáiste go Cíos i gcrích, fágann sin gurb é **2,114** líon na gcásanna a cuireadh i gcrích.



# 24,000






D'fhreastail breis is **24,000** cuairteoirí ar thaispeántas Housing Unlocked.

Breis is **4,500** amharc d'oiliúint ar líne agus go fisiciúil agus ócáidí eolais a óstáladh nó a tacaíodh ag an nGníomhaireacht Tithíochta.



Bunaíodh struchtúir chun tacú le ról na Gníomhaireachta sa Scéim Deontas do Bhloic Lochtacha Coincréite.

# Foilseacháin 2022



# Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

An cuspóir atá ag an nGníomhaireacht ná saineolas agus réitigh a chur ar fáil le cabhrú le tithíocht agus pobail inbhuanaithe a sholáthar ar fud na hÉireann.

Déanaimid é seo trí a bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúla agus Oidhreacht, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus an earnáil príobháideach. Seoladh Ráiteas Straitéise 2022-2024 na Gníomhaireachta in Eanáir 2022, bhí sé frámaithe i gcomhthéacs straitéis Tithíocht do Chách de chuid an rialtais. Tá sainchúaram na Gníomhaireachta Tithíochta tar éis leathnú go mór faoin straitéis seo, léirítear é seo i réimsí oibre nua agus feabhsaithe a tugadh faoi i 2022.

Is príomhchuspóir de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta é an bhearna idir éileamh agus soláthar maidir le tithíocht a líonadh. In 2022, chuidíomar le soláthar tithíocht sóisialta a mhéadú trí mheasúnuithe maoiniú a dhéanamh ar Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe iarratais mhaoinithe agus trí obair ár bhfoireann teicniúil a dhíriú ar údaráis áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a raibh ár gcúnamh de dhíth orthu chun cuidiú le soláthar tithe go náisiúnta. Ba phríomhdhúshlán é dul i dtaithe ar an timpeallacht seachtrach ag athrú, go háirithe i leith méadú costais tógála agus méadú ráta spéise, le cuidiú le dúshlán soláthar a sháru.

Is príomhchuspóir de chuid Tithíocht do Chách é feabhsú inacmhainneacht taobh istigh den córas tithíochta iomlán. Tá ról lárnach ag an nGníomhaireacht Tithíochta i leath amach cláir tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear: dearadh Scéim an Chéad Bhaile, measúnú ar iarratais Ciste Tithíocht Inacmhainne ó údaráis áitiúla chun tithe ceannaigh inacmhainne a sholáthar, soláthar lasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais chun tionacht cíos ar chostas nua a sholáthar; agus iarratas iasachta Baile Údarás áitiúil ar son údaráis áitiúla a fhrithghealladh.

Ina theannta sin, tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag cuidiú i ndeiseanna níos mó a chur ar fáil do cheannaitheoirí baile árasáin inár lárionaid uirbeacha. I Meitheamh 2022, sheolamar léiriú spéise faoi scéim Croí Cónaithe (Cathracha) de chuid an rialtais, a bhfuil sé mar aidhm aici 5,000 árasáin úinéir-áititheoir a bheith ar fáil faoi 2026. Tá tacaíocht á tabhairt ag an nGníomhaireacht Tithíochta d'ár pháirtithe leasmhara chun ionad réadmhaoine folmha a thabhairt ar ais chun fóntachta. Táimid ag cuidiú i níos mó tithíocht sóisialta a sholáthar agus chun ár mbailte agus sráidbhailte a athbheochan trí thacú leis an scéim Lár Bailte ar dTús, comhairle a chur ar fáil do údaráis áitiúla maidir le hOrduithe Ceannaigh Éigeantacha, agus trí thacaíocht teicniúil a thairiscint le tionscadail athchóirithe.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta i cuimsiú sóisialta a spreagadh. I Márta 2022, sheol an tAire O'Brien an Oifig Tús Áite do Thithíocht taobh istigh den Ghníomhaireacht Tithíochta a bhfuil ag cuidiú le dul i ngleic le heaspa dídeana fadtéarmach ar fud na tíre. Chuidigh an Ghníomhaireacht Tithíochta i bhforbairt Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus rinneadh dréachtú ar an bPlean Cur chun Feidhme ag leanúint as. Faoin Scéim Morgáiste go Cíos, tacaíodh le 432 úinéirí tí a bhí i mbaol riaráiste morgáiste a choinneáil ina dtithe. Faoi thalamh a bhaineann leis an Ghníomhaireacht Tithíochta, soláthraíodh 290 tithe sóisialta agus tithe ar cíos de réir costais trí pháirtíocht le húdaráis áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag obair chun fabhtanna leagáide a bhfuil tionchar acu ar shealbhóirí tí na hÉireann trí An Scéim um Fheabhsúchán Piríte agus An Scéim Deontas do Bhloic Lochtacha Coincréite. In 2022, rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta feabhsúchán ar 235 tithe san iomlán ar son an Bhoird um Réiteach Piríte. Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíocht don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht i reachtaíocht a dhréachtú don Scéim Deontas do Bhloic Lochtacha Coincréite, fad a bhí struchtúir á mbunadh a chuirfeadh ar chumas an Ghníomhaireacht Tithíochta tabhairt faoina ról sa scéim in 2023.

Tá soláthar léargais agus taighde bunaithe ar fhianaise criticiúil i dtacú le forbairt beartas agus cur le dea-chleachtas. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Tithíochta 11 foilseachán lena gclúdaítear réimse toipicí, lena n-áirítear riachtanais tithíocht sóisialta, cuimsiú sóisialta, tithíocht tionacht mheasctha agus teagmháil le tionóntaí. Sheolamar an taispeántas Housing Unlocked le Foras Ailtireachta na hÉireann leis an aidhm smaointí nua agus núalacha a fhiosrú chun acmhainneacht tithíochta inár mbailte agus cathracha a bharrfheabhsú. Mheall an taispeántas seo a bhí ar siúl Ó Dheireadh Fómhair 2022 go Feabhra 2023 na mílte cuairteoirí.

Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta a dícheall i gcónaí maidir le hacmhainn a thógáil taobh istigh den chóras tithíochta trí chomhairle, oiliúint agus ábhar treorú a chur ar fáil a chuidíonn lenár bpáirtithe leasmhara i soláthar scéimeanna tithíochta. In 2022, d'fhreastail breis is 1,250 cleachtóirí tithíochta ar sheisiúin oiliúna nó ceardlanna a chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta ar fáil i réimsí amhail Cuid V de na hAchtanna Pleanáil agus Forbairt, teagmháil tionónta, Scéim Chéad Bhaile, lasachtaí Baile Údarás Áitiúil agus cosaint easpa dídeana. Mar chuid dár dteagmháil leis an earnáil tithíochta ina iomlán, d'óstáil an Ghníomhaireacht Tithíochta imeachtaí ar fhreastail breis is 2,000 duine orthu. I measc seo bhí sraith seimineáir maidir le talamh a bhfuil an Ghníomhaireacht Tithíochta i mbun (i gcomhpháirtíocht le UCD Geary Institute agus An Ghníomhaireacht Forbartha Talún), imeachtaí maidir le forbairtí ilaonaid, agus ár comhdhálacha náisiúnta.

Le cinntiú go bhfuil an cumas agus saineolas againn chun soláthar i ngach réimse dár gcuid oibre, ardaíodh líon foirne fostaithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta ó 114 go 133 faoi dheireadh 2022. Ina theannta sin, rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta athbhreithniú eagraíochtúil chun ár fócas a choinneáil i leith seirbhísí proifisiúnta agus sofhreagrach a sholáthar d'ár bpáirtithe leasmhara. Cuirfear Straitéis Eagraíochtúil nua i bhfeidhm le linn 2023.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí a mbímid ag obair i ndlúthchomhar leo go leanúnach, lena n-áirítear An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, údaráis áitiúla, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, Chomhairle um Tithíocht Shóisialta na hÉireann, institiúidí airgeadais agus gníomhaireachtaí stáit eile, lena n-áirítear An Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe, An Gníomhaireacht Forbartha Talún, An Gníomhaireacht Rialtais Áitiúil agus an Bord um Tionóntachtaí Cónaithe.

Ba mhaith linn ár mbuíochas mór a ghabháil le baill an Bhoird atá ag fágáil, Tony O'Brien, Donal McManus agus Frank Curran dá dtiomantas don Gníomhaireacht Tithíochta le blianta beaga anuas. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil chomh maith leo siúd a oibríonn linn agus dúinn, lena n-áirítear Comhaltaí Boird, Baill Phainéil Chomhairleacha, agus ár mbaill foirne díograiseacha.

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag tnúth lenár gcaidreamh oibre a choinneáil leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Darragh O'Brien TD, mar aon leis na hAire Stáit, Peter Burke TD agus Malcolm Noonan TD, agus Ard-Rúnaí An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Graham Doyle.



---

**Michael Carey**  
Cathaoirleach



---

**Bob Jordan**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Tuarascáil Feidhmíochta 2022

**Téama:** A bheith mar Lárionad maidir le hEolas Tithíochta;

**Cuspóir:** Le cinntiú go gcuirfear tacaíocht ar fáil don deardh polasaí agus dá chur i bhfeidhm, don chinnteoireacht agus don dioscúrsa poiblí trí thaighde, léargas agus sonraí cruinne a chur ar fáil, bailithe go héifeachtúil agus go leanúnach.

## Taighde

Bhí clár taighde gníomhach ag an nGníomhaireacht Tithíochta sa bhliain 2022. Is achoimre é seo a leanas ar dhul chun cinn maidir le taighde sa bhliain 2022. Más bainteach, tá na tuarascálacha ar fáil ag [www.housingagency.ie](http://www.housingagency.ie).

## Obair a cuireadh i gcrích in 2022

Tionscadal	Dul Chun Cinn
<b>Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta 2021</b>	<p>Tugann an Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta 2021 faisnéis le chéile atá curtha ar fáil ag údaráis áitiúla maidir le teaghlaigh atá cáilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta, ach nach bhfuil a riachtanas tithíochta sóisialta á shásamh faoi láthair. Déantar é seo a chur i gcrích ar bhonn bliantúil anois. In 2021, cuireadh an measúnú i gcrích i mí na Samhna.</p> <p>Sa bhliain 2021, chuir an Ghníomhaireacht comhairle leanúnach ar fáil maidir le rialacháin measúnachta d'údaráis áitiúla agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ghlac sí páirt go gníomhach sa choiste maoirseachta. Rinne an Ghníomhaireacht na sonraí a chur i dtoll a chéile, measúnú a dhéanamh orthu agus an tuarascáil dheiridh a dhréachtú.</p> <p><b>Aschur:</b> Foilsithe Márta 2022</p>

Tionscadal	Dul Chun Cinn
<b>Tithíocht Sóisialta i bpobail Tionachta Measctha</b>	<p>Rinne an tionscadal seo anailís ar thithe sóisialta cnuasta agus scaipthe in eastáit tionachta measctha. Rinneadh iniúchadh ar réasúnaíocht an dá chur chuige le teacht ar shamhlacha dea-chleachtas a chuirfeadh treoir ar fáil do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar in eastáit tionachta measctha. Rinne Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath taighde, arna chómhaoiniú ag an nGníomhaireacht Tithíochta agus ag Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta.</p> <p><b>Aschur:</b> Foilsithe Márta 2022</p>
<b>Tithíocht agus Míchumas: Cuir chuige i nDlínsí Eile</b>	<p>Díríonn an tuarascáil seo ar sholáthar tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas i ndlínsí eile, agus tá sé mar chuid den tsraith oibre a rinneadh chun bonn eolais a chur ar fáil maidir leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas nua. In 2021, rinne an Gníomhaireacht Tithíochta athbhreithniú ar eolas a raibh teacht air go poiblí ó chúig thír éagsúla chun léargas a fháil ar an gcóras soláthair tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas i dtíortha eile.</p> <p><b>Aschur:</b> Foilsithe mí Eanáir 2022.</p>
<b>An Staidéar Náisiúnta de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta ar dhearcthaí, ar eispéiris agus ar mhianta i leith Tithíochta</b>	<p>Is é seo an tríú tuarascáil i sraith na Gníomhaireachta Tithíochta, foilsíodh na tuarascáil roimhe seo in 2018 agus 2019. In 2020, tá sé mar aidhm ag an Staidéar Náisiúnta maidir le hEispéireas, Dearcthaí agus Mianta Tithíochta na hÉireann leibhéil sásaimh sealbhóirí tí maidir le tithe agus comharsanachtaí a thomhas mar aon lena mianta tithíochta amach anseo.</p> <p>Rinneadh an staidéar i mí na Nollag 2020, deich mí ónar thosaigh an phaindéim.</p> <p><b>Aschur:</b> Foilsithe Samhain 2022</p>
<b>An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (anailís chomhairliúcháin)</b>	<p>Thug an Gníomhaireacht faoi anailís a dhéanamh ar shonraí an tsuirbhé mar chuid den chomhairliúchán poiblí maidir leis An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027.</p> <p><b>Aschur:</b> Foilsithe Márta 2022</p>

Tionscadal	Dul Chun Cinn
<p><b>Tionónta a chumasú: Cearta Daonna a chosaint: Rannpháirtíocht Éifeachtach Tionóntaí i mBainistiú Thithíocht an Údaráis Áitiúil</b></p>	<p>Bhí an tionscadal seo maoinithe faoi Chlár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta, tionscadal ina ndéantar iniúchadh ar litríocht ar phrionsabail, cearta daonna, agus oibleagáidí eile, maidir le rannpháirtíocht tionóntaí i mbainistiú na tithíochta sóisialta. Ina theannta sin, rinne sé fiosrú ar shamhlacha dea-chleachtais i dTuaisceart Éireann, in Albain, sa Bhreatain Bheag, i Sasana, sa Bheilg, sa tSualainn, agus san Ísiltír. Le rannpháirtíocht gníomhach le tionóntaí agus páirtithe leasmhara, rinne an taighde fiosrú ar na bealaí a bhféadfaí rannpháirtíocht tionóntaí a fhorbairt agus ar na bealaí chun samhail bainistíochta nuálach a chur chun cinn lena n-áirítear rannpháirtíocht fhónta na dtionóntaí i bpróisis beartais agus cinnteoireachta ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil.</p> <p><b>Aschur:</b> Foilsithe Aibreán 2022</p>
<p><b>Sraith Léargas Sonraí</b></p>	<p>Sheol an Gníomhaireacht Tithíochta an tSraith Léargas Torthaí, bailiúchán foilseacháin sonraí físeacha ar shaincheistean tithíochta. Foilsíodh dhá shaincheist ar an suíomh gréasáin. Ba iad seo:</p> <p><b>Aschur:</b> Sraith Cóiríocht do Mhic Léinn</p> <p><b>Aschur:</b> Catachas Tithíochta Rialtas na hÉireann</p>
<p><b>Bileoga treoracha An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta</b></p>	<p>Tá ról ag an nGníomhaireacht Tithíochta i soláthar tacaíochta agus taighde don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuireadh obair i gcrích ar líon áirithe bileog treoracha in 2022. Ba iad seo:</p> <p><b>Aschur:</b> Incháilitheacht le haghaidh Tithíocht bunaithe ar loncam – Comparáidí Idirnáisiúnta.</p> <p><b>Aschur:</b> Athbhreithniú ar Incháilitheacht le haghaidh Tacaíocht Tithíochta Sóisialta bunaithe ar loncam.</p>



Tionscadal	Dul Chun Cinn
<p><b>Bileoga Léargas Beartais</b></p>	<p>Rinne an Gníomhaireacht Tithíochta an tSraith Léargas Beartais a fhorbairt, a n-aithníonn agus a scaipeann faisnéis faoi dea-chleachtas maidir le tithíocht. Foilsíodh dhá bhileog sa bhliain 2022. Ba iad seo:</p> <p><b>Aschur:</b> Easpa Dídine sa Réigiún Thoir Theas</p> <p><b>Aschur:</b> Teagmháil, Cultúr agus Struchtúr le Tionóntaí a fhorbairt: Cás Circle VHA.</p>
<p><b>Meastóireacht Chéim 2 -‘Samhail Tithíocht le Tacaíocht’ Chathair Bhaile Átha Cliath atá feiliúnach do gach aois in Inse Chór.</b></p>	<p>Meastóireacht ar Chéim 2 den samhail Tithíocht le Tacaíocht do Dhaoine Breacaosta in Inse Chór. Rinneadh an obair go seachtrach, rinne foireann taighde na Gníomhaireachta Tithíochta an tionscadal a bhainistiú. Is tionscadal comhoibríoch é seo le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.</p> <p><b>Aschur:</b> Tuarascáil foilsithe i mí na Nollag 2022.</p>
<p><b>Glúin na dTionóntaí agus Éiginnteacht sa mhargadh Tithíochta in Éirinn.</b></p>	<p>Le tacaíocht ón nGníomhaireacht Tithíochta faoin gClár Tacaíochta Taighde, thug an taighde seo léargas ar chineál agus méid na ‘héiginnteachta sa mhargadh tithíochta’ in earnálacha príobháideacha agus ar cíós na hÉireann. Rinne sé fiosrú ar na dúshláin a bhíonn roimh cíósaithe óga teacht ar thithíocht inacmhainne, slán, ar ardchaighdeán agus inrochtana. I measc nithe curtha san áireamh sa taighde seo tá, athbhreithniú ar litríocht, anailís chainníochtúil ar shonraí staitisticí an AE maidir le hioncam agus dálaí maireachtála(EU-SILC) agus agallaimh le tionóntaí óga. Beidh Innéacs Éiginnteachta sa Mhargadh Tithíochta ar cheann de na aschuir is tábhachtaí. Is í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste atá i mbun an taighde seo.</p> <p><b>Aschur:</b> Tuarascáil foilsithe in Aibreán 2022.</p>
<p><b>Bainistíocht ar Ionaid Réadmhaoine Fholmha a fheabhsú in earnáil na tithíochta sóisialta in Éirinn.</b></p>	<p>Tá an tionscadal maoinithe faoi Chlár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta, agus tugtar léargas ann ar na nithe seo a leanas: na cúinsí a bhfuil tionchar acu ar chumas na hearnála tithíochta sóisialta chun a gcuid ionad réadmhaoine a bhainistiú go héifeachtach; réitigh phraiticiúla nuálacha ar fheidhmíocht a fheabhsú maidir le hionaid réadmhaoine fholmha; agus bealaí chun cleachtas éifeachtach agus nuálaíocht maidir le bainistíocht ar ionaid réadmhaoine fholmha a scaipeadh ar fud na hearnála.</p> <p><b>Aschur:</b> Tuarascáil foilsithe i Meitheamh 2022.</p>

## Obair a bhí ag dul ar aghaidh le linn 2022, le críochnú sa bhliain 2023

Tionscadal	Dul Chun Cinn
<b>Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta</b>	<p>Tugann an Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta 2022 faisnéis le chéile atá curtha ar fáil ag údaráis áitiúla faoi theaghlaigh atá cáilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta, ach nach bhfuil a riachtanas tithíochta sóisialta á shásamh faoi láthair. Déantar é seo ar bhonn bliantúil, agus in 2022 cuireadh an measúnú i gcrích i mí na Samhna.</p> <p><b>Aschur:</b> Tá an tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2023.</p>
<b>Conairí i dtreo tithíocht sheasmhach do thuismitheoirí agus leanaí a bhfuil cónaí orthu i seirbhísí cónaithe.</b>	<p>Tá Coláiste na hOllscoile, Corcaigh i mbun taighde.</p> <p><b>Aschur:</b> Tuarascáil le foilsiú in R1 2023.</p>
<b>Imscrúdú ar chur chuige tithíocht “meascán sóisialta intinneach” trí mheasúnú a dhéanamh ar shamhail Tithíochta Meascán Focus Ireland.</b>	<p>Déanfaidh an tionscadal seo atá maoinithe ag Clár Tacaíocht Taighde An Gníomhaireacht Tithíochta measúnú ar an tsamhail tithíochta Meascán i gCo. Thiobraid Árann. Déanfar measúnú ar chur chun feidhme a prionsabail chun luach na samhla a léiriú in sochair agus inbhuanaitheacht thionscadail tithíochta sóisialta a fheabhsú</p> <p><b>Aschur:</b> Tuarascáil le foilsiú in R4 2023.</p>
<b>Caighdeán na beatha i measc daoine gan dídean nuair a aistríonn siad go Cóiríocht socruithe.</b>	<p>Maoinithe faoi Chlár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta, déanfaidh an taighde seo imscrúdú ar thionchar ath-thithíocht gasta ar dhaoine gan dídean i gcathair Chorcaí (daoine singil go príomha) Díreofar sa taighde seo ar réimsí chaighdeán na beatha agus ar cheisteanna cáilíochtúla a bhaineann le cliaint Chlann Shíomóin, Cathair Chorcaí. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh atá i mbun an taighde seo.</p> <p><b>Aschur:</b> Tuarascáil le bheith curtha i gcrích faoi R4 2023.</p>
<b>Ceannasaíocht chomhshaoil a sholáthar i dtithíocht sóisialta chun Spriocanna Gníomhú ar son Aeráide a chur chun cinn.</b>	<p>Tá an tionscadal seo maoinithe faoi Chlár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta Is é fócas an tionscadail ná tithíocht sóisialta inbhuanaithe don chomhshaoil a fhorbairt, go príomha trí cuidiú le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a stoc tithíochta a aisfheistiú go caighdeán BER B2. Tá maoirseacht á dhéanamh ag an Housing Alliance ar an taighde.</p> <p><b>Aschur:</b> Tuarascáil le foilsiú in R2 2023.</p>

Tionscadal	Dul Chun Cinn
<b>Tithíocht do Chách agus athchóiriú cuideachtaí bainistíochta na n-úinéirí.</b>	<p>Tá gníomhartha leagtha amach in Alt 5.5.5 de Thithíocht do Chách maidir le hathchóiriú ar chomhlachtaí bainistíochta na n-úinéirí. In 2022, chuir an Gníomhaireacht Tithíochta tacaíocht ar fáil don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir lena rannpháirtíocht sna gníomhartha seo, atá le soláthar ag an Roinn Díl agus Cirt.</p>
<b>Cinntí na gcúirteanna faoin Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011</b>	<p>Is é aidhm na taighde seo ná faisnéis agus tuiscint maidir le cinntí na gcúirteanna a dhéantar faoin Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011(Acht MUD) a chur chun cinn. Féadfaidh tionchar nach beag a bheith acu seo ar oibriú agus rialachas ar chomhlachtaí bainistíochta úinéirí (OMCs)</p> <p>Déanann grúpa stiúrtha comhdhéanta le hionadaithe na Gníomhaireachta Tithíochta agus Comhlachas Barra Foirgníochta na hÉireann (CBAI) maoirseacht ar an obair.</p> <p>Táthar ag súil go gcuirfear an taighde i gcrích, le tuarascáil mar thoradh uirthi, go déanach in 2023.</p>
<b>Forbairtí Ilaonaid agus comhlachtaí bainistíochta úinéirí</b>	<p>Is úinéirí iad údaráis áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar stoc tithe atá ag leathnú i dtithíocht ard-dlúis amhail árasáin,forbairtí ilionaid (MUDs), áit a bhfuil comhlachtaí bainistíochta úinéirí (OMCs) tábhachtach do chaighdeán maireachtála comhshaoil cónaitheoirí. D’fhoilsigh comhairleoir forbairtí Ilaonad na Gníomhaireachta Tithíochta scríbhneoireacht ar na saincheisteanna do na húdaráis áitiúla a ardaítear maidir lena stoc tithíochta in MUDs. Bhí na hairteagail le feiceáil in <i>Local Authority Times</i> agus <i>Council Review</i>.</p> <p>Cuireadh an caidreamh idir dearadh árasáin agus bainistíocht leanúnach agus costais cothabhála san áireamh in airteagal in <i>Architecture Ireland</i>.</p>
<b>Rialú a thógáil - staidéar deisce</b>	<p>In 2022 d’ullmhaigh an Gníomhaireacht Tithíochta dréacht staidéir deisce don Aonad Comhairliúcháin Caighdeáin foirgníochta de chuid an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Mar chuid de seo bhí achoimre de:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Córais (forfheidhmithe) rialú foirgníochta agus táirgí foirgníochta in Éirinn.</li> <li>• Rialáil maidir le rialú foirgníochta agus táirgí foirgníochta in Éirinn agus sna tíortha AE (an Danmhairg, an Ísiltír), Sasana, Albain agus New South Wales 1 - an Astráil.</li> <li>• Rialtáin agus Cigireachtaí eile in Éirinn.</li> </ul> <p>Ón 11 Eanáir 2023, tá an tuarascáil á dhréachtú do thuilleadh athbhreithnithe ón Roinn.</p>

## Tacaíocht Beartas Tithíochta

Cabhraíonn an Gníomhaireacht Tithíochta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le húdaráis áitiúla maidir le réimse leathan ceisteanna a bhaineann le beartais agus cleachtas. Déanann Foireann Seirbhísí Údarás Áitiúil na Gníomhaireachta bainistiú ar cheisteanna ó údaráis áitiúla, ó gníomhaireachtaí eile, agus ón bpobal ar chúrsaí a bhaineann le beartas tithíochta, le scéimeanna, le rialacháin, agus le roghanna tithíochta. Thug an Gníomhaireacht Tithíochta freagra do bhreis is 500 ceist ginearálta ó chleachtóirí údaráis áitiúil in 2022.

## Cuid V

Chuir An tAcht um Thithíocht Inacmhainne, 2021 athruithe i bhfeidhm do rialachán Chuid V, lena n-áirítear riachtanas 20% tithíocht sóisialta agus inacmhainne do thalamh ceannaithe ar nó i ndiaidh 1 Lúnasa 2021.

Faoi Thithíocht do Chách, tá an Gníomhaireacht freagrach as leanúnachas a chinntiú i gcur i bhfeidhm na socrúithe nua ag na húdaráis áitiúla. Chun é seo a bhaint amach, cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta comhairle ar fáil agus tacaítear leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le foireann údarás áitiúil agus an earnáil tithíochta níos leithne ar reachtaíocht Chuid V.

Ceann de príomhchuspóirí na Gníomhaireachta Tithíochta is ea líonra cleachtóirí de Chuid V a thógáil ar fud na tíre. Bainfear é seo amach trí óstáil a dhéanamh ar cheardlanna ar líne, cruinnithe rialta le foireann údarás áitiúil, ceisteanna a fhreagairt agus treoracha a fhoilsiú.

I rith 2022, thug an Gníomhaireacht Tithíochta freagra ar 223 ceist Cuid V ó údaráis áitiúla agus an earnáil phríobháideach araon agus reáchtáladh ceardlanna ar líne d'fhoireann údarás áitiúil a raibh níos mó ná 209 duine a d'fhreastail air.

## Forbairtí Ilaonaid (MUDs):

I rith 2022, d'fhreagair an Gníomhaireacht beagnach 150 ceist ríomhphoist ó pháirtithe leasmhara i bhforbairtí ilaonaid, in árasáin den chuid is mó. Fuaireamar ceisteanna ó bhaill foirne na gcomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus na n-údarás áitiúil, ó thiarnaí talún, ó thionóntaí, agus ó sholáthróirí seirbhíse.

Leanann an Gníomhaireacht Tithíochta le faisnéis ábhartha agus treoir a chur ar fáil, agus déanann sí atreoruithe chuig acmhainní cuí eile, i gás daoine a bhfuil ceisteanna acu a bhaineann leis an earnáil MUD.

## Rialacháin

Tháinig athruithe ar na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta i bhfeidhm sa bhliain 2022. D'fhoráil iad seo foirm iarratais tithíocht sóisialta athbhreithnithe agus athrú maidir le tairseacha incháilitheacht ioncaim. Chuir an Gníomhaireacht Tithíochta áireamhán incháilitheachta ioncaim ar fáil le cuidiú le húdaráis áitiúla ioncam do mheasúnachtaí tithíocht sóisialta a thomhas.

## Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta

Sa bhliain 2022, chuir an Gníomhaireacht comhairle leanúnach ar fáil maidir le rialacháin measúnachta d'údaráis áitiúla agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus agus rinneadh cathaoirleacht ar an gcoiste maoirseachta.

## Grúpaí Oibre Neamhspleácha le Fabhtanna Tithíochta a scrúdú

TBhí ról lárnach ag an nGníomhaireacht Tithíochta sa Grúpa Oibre Neamhspleách le Scrúdú a dhéanamh ar Fhabhtanna Tithíochta. Déanann an grúpa oibre scrúdú ar fhabhtanna in árasáin shaintógtha agus in árasáin dhá urlár a tógadh in Éirinn idir 1991 agus 2013.

Tá acmhainní á n-ullmhú ag an nGníomhaireacht Tithíochta le haghaidh seirbhís comhairleoireachta do comhlachtaí bainistíochta úinéirí (OMCs) a bhfuil tionchar orthu maidir le hárasáin lochtacha. Táthar ag súil go mbeidh an tseirbhís seo ar fáil in R1 2023.

Is dóchúil go mbeidh príomhról ag an nGníomhaireachta Tithíochta in aon scéim d'úinéirí tí a raibh tionchar orthu.

## Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag tabhairt cúnaimh d'údaráis áitiúla agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le cur chun feidhme na scéime Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) sa bhliain 2022. Áirítear leis seo soláthar tacaíocht riaracháin do Choiste Cleachtóirí ÍCT agus Líonra aimsiú Áite ÍCT.

Choimisiúnaigh an Gníomhaireacht taighde maidir le himpleachtaí athruithe do na híocaíochtaí lánroghnacha a ceadaítear faoi ÍCT. Mar thoradh ar an taighde seo, cuireadh tús le Rialacháin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, (arna leasú) 2022 agus tháinig siad i bhfeidhm in Iúil 2022. D'fhoráil na rialacháin seo ardú ar ráta discréide ÍCT í 20% go uasmhéid 35%, mar aon le solúbthacht bhreise i leith cead a thabhairt d'údaráis áitiúla ráta lánúin a chur i bhfeidhm do thithe duine aonair.

## Téama: An bhearna idir Éileamh agus Soláthar maidir le Tithíocht a líonadh

**Cuspóir:** Le cinntiú go ndíreofar acmhainní agus saineolas na Gníomhaireachta Tithíochta ar fhís agus ar rún an pholasáí náisiúnta tithíochta a sholáthar.

### Seirbhísí agus Tacaíochtaí do Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta réimse tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil d'earnáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, lena n-áirítear tabhairt faoi mheasúnuithe airgeadais agus nithe beartais a athbhreithniú.

### Maoiniú Íocaíocht agus Infhaighteacht Forás Caipitil maidir le hÁis Léasú (Í&I- FCÁL)

Tá ról ag an nGníomhaireacht Tithíochta i bpróiseas iomlán iarrthóra faoi Íocaíocht agus Infhaighteacht Forás Caipitil maidir le hÁis Léasú. Is saoráid iasachta é seo, atá ar fáil do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe le cuidiú le héadáil tógáil nó athchóiriú tionscadail a mhaoiniú do sholáthar tithíochta sóisialta. Déanann an Gníomhaireacht Tithíochta an gné meastóireacht airgeadais den phróiseas iarratais a dhéanann Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Le meastóireacht na Gníomhaireachta Tithíochta, foráiltear moltaí maidir le leibhéal cuí an mhaoinithe faoi gach moladh don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. .

Iarratais Meastóireachta FCÁL a Próiseáladh agus Cineál Tionscadail ó 2016 go Nollaig 2022				
	Éadáil Dhíreach	Éadáil Gníomhaireachta Tithíochta	Éadáil Cuid V	Éadáil Lándéanta
Iarratais	441	100	75	499
Tithe Cónaithe Féideartha	4,546	767	1,098	12,002
	Tógáil	Tógáil Lándéanta	Athchóiriú / Athnuachan	Iomlán
Iarratais	60	141	4	1,320
Tithe Cónaithe Féideartha	1,938	5,368	40	25,759

Cuireadh críoch le measúnachtaí/athmheasúnachtaí Airgeadais agus Tuarascálacha Measúnachta le haghaidh 241 iarratas Í&I/FCÁL le linn 2022, leis an bhféidearthacht 6,476 teach a sholáthar. Ba iad 259 tionscadal a rinneadh meastóireacht orthu agus 5,242 teach iad na figiúirí inchomparáide le haghaidh 2021.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta seirbhís ullmhúcháin conartha do thionscadail maoinithe Í&I agus FCÁL a bhfuil ag druidim le soláthar.

Ullmhaíodh conarthaí le haghaidh 211 tionscadal ar leith ina raibh 4,571 teach cónaithe san áireamh.

### **Bailíochtaithe Costas Oibríochtúil**

Lean an Gníomhaireacht Tithíochta lena cur i bhfeidhm straitéis AD in 2022. Tá sé mar fhócas againn monatóireacht a dhéanamh ar ár scileanna agus ár bhfoireann a fhorbairt trínár scéim tacaíochta oideachais, acmhainní oiliúna ar líne agus leanúint lenár gclár ceannasaíochta agus forbartha a leathadh amach.

Ullmhaíodh agus comhaontaíodh Plean Fórsa Saothair do 2022 i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta leis. Leagann an plan amach riachtanais foirne chun freagairt d'éileamh seirbhíse. D'fhág seo go raibh ardú cumais ar ár bhfoireann Bainistíochta Sinsearach, le dhá phost nua, lena n-áirítear Stiúrthóir Seirbhísí agus Ionchuimsithe agus Príomhoifigeach Airgeadais.

Le linn 2022, rinne an fhoireann obair chumaisc, le roinnt laethanta caite ag obair san oifig agus an chuid eile ag obair sa bhaile. Cuireadh tacaíochtaí breise i bhfeidhm, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide, meabhairshláinte, ceardlanna folláine agus cumarsáidí inmheánacha neartaithe.

# Cúrsaí Rialachais

## Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i bhfeidhm agus tá sé mar bhunchloch do chreat rialachas na Gníomhaireachta Tithíochta. Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta athbhreithniú ar a beartais agus nósanna imeachta rialachais go rialta agus tá sé mar aidhm cultúr dea-rialachais agus cinnteoireachta a chothú.

## An tAcht um Choimhlintí Leasa agus Eitic san Oifig Phoiblí, 1995

D'fhorbair an Ghníomhaireacht Tithíochta Beartas Coimhlinte Leasa in 2016, ós rud é go dtagann an eagraíocht faoi raon feidhme an Achta um Eitic san Oifig Phoiblí, 1995. Ionchorpraíodh é seo sa bheartas agus sa nós imeachta foriomlán a glacadh chun coimhlintí leasa a bhainistiú. I gcomhréir leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, tá ráitis leasa curtha i gcrích ag comhaltaí an Bhoird agus ag fostaithe ábhartha. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le nochtadh leanúnach leasanna a dhéanann comhaltaí an bhoird agus an fhoireann.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tháinig an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 ar an 14 Aibreán 2015. Fuaireamar 40 iarratas ar Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2022. Tháinig ár Scéim Foilsithe i bhfeidhm in 2016 agus tá sí ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Ní bhfuarthas aon iarratais sa bhliain 2022 faoi na rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE).

## Rialacháin um Chosaint Sonraí agus um Chosaint Sonraí Ginearálta

Chuir an Gníomhaireacht Tithíochta béim ar fheasacht agus oiliúint cosaint sonraí in 2022, bhí fócas ar leith ar shárú sonraí a chosaint. Cuirtear oiliúint cosanta sonraí ar gach ball foirne nua mar chuid de chlár ionduchtúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta.

Sa bhliain 2022, Rinne An Gníomhaireacht Tithíochta:

- Reviewed and updated data processing agreements and joint controller agreements as necessary.
- Completed two data protection impact assessments.
- Managed two data subject access requests.
- Assisted with four queries related to data protection.
- Held six awareness and training sessions.

## Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta faoi réir an Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas san Earnáil Phoiblí. Éilíonn an dualgas ar an nGníomhaireacht Tithíochta leithcheal a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint d'fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse agus gach feidhm ghnó á cur i bhfeidhm aici. Táimid tiomanta lena áirithiú go ndéantar comhionannas agus cearta an duine a mheas inár n-oibríochtaí ó lá go lá. In 2022, chuir an Gníomhaireacht Tithíochta tús le próiseas chun síniú suas do Diversity Charter Ireland chun ár dtiomantas a léiriú do éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú a spreagadh ar fud na Gníomhaireachta Tithíochta.

Leathadh amach clár seisiúin feasachta agus oiliúna freisin le linn na bliana i leith éagsúlachta agus cuimsiú lena n-áirítear acmhainní oiliúna ar líne. Mar aon leis sin, comhaontaíodh Grúpa Oibre um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) a bhunú sa Gníomhaireacht Tithíochta ina mbeidh ionadaí ó gach aonad gnó. Beidh freagracht ar an nGrúpa EDI cinntiú go bhfuil meas ag gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar Dualgas Earnáil Phoiblí agus uileghabhálacht.

Cloíonn an Gníomhaireacht Tithíochta leis an mbeartas dínite ag an obair arna fhorbairt ag an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí in 2015. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú)

Éilíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun dul i ngleic le nochtadh cosanta, agus faisnéis i scríbhinn a sholáthar d'fhostaithe maidir leis na nósanna imeachta seo. Rinne an Gníomhaireacht Tithíochta athbhreithniú ar na beartais agus nósanna imeachta atá ann cheana sula tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta (arna leasú), 2022 i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2023. Chinntigh an t-athbhreithniú seo go cuireadh riachtanais nua na reachtaíochta leasaithe i bhfeidhm inár mbeartas. Déanfar an beartas a chur i gcrích agus déanfaidh an bord é a fhaomhadh in 2023.

In 2022, ní dhearna aon fhostaí de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta aon nochtadh cosanta faoi théarmaí na reachtaíochta.

## Cánachas

Deimhníonn an Gníomhaireacht Tithíochta go gcomhlíontar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena áirithiú go gcomhlíonann an Bord a chuid oibleagáidí faoi dhlíthe cánachais agus déanann sé a dhícheall lena áirithiú go n-íoctar gach dlíteanas cánach ar na dátaí ábhartha ar a bhfuil siad dlite nó roimhe sin.



# Cúrsaí Corparáideacha

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

Chuir an Gníomhaireacht Tithíochta Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC) 2022-2024 i bhfeidhm. Baineann an Gníomhaireacht úsáid as teicneolaíocht nua chun cuidiú le baill foirne a oibríonn ón mbaile agus lenár n-aistriú i dtreo obair hibrideach.

Cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta lena córais i gcónaí agus cuirtear tacaíocht atá dírithe ar chustaiméirí ar fáil do bhaill foirne tríd an tseirbhís a chuirimid ar fáil a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Cuireann sé seo ar a gcumas cur lena uasmhéid chun ár spriocanna straitéise roinnte a bhaint amach. Glacann an Gníomhaireacht Tithíochta leis an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála agus thug sí faoi a fíis a fhíorú go mbeadh “Sochaí na hÉireann in ann an réabhlóid dhigiteach a úsáid go sábháilte i gcónaí agus go mbeidís lánpháirteach i múnú an idirlín don am atá le teacht”.


Tá Grúpa Comhairle TFC a bhuaileann go leanúnach le linn na bliana. Mar is amhlaidh le gach eagraíocht. D'oibrigh agus chinntigh feidhmiú TFC na Gníomhaireachta Tithíochta go mbeadh an eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh lena bhfeidhmeanna gnó a sholáthar go héifeachtach. Cuireadh bearta slándála i bhfeidhm chun inniúlachtaí cianoibre na heagraíochta a neartú .

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Mar chuid de Chlár Éifeachtúlachta na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), tá an Gníomhaireacht Tithíochta tiomanta d'éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú de réir treoilínite an Rialtais. Rinne an Gníomhaireacht Tithíochta a húsáid fuinnimh a laghdú faoi 16.1% sa bhliain 2022 agus faoi 66.9% ó bhí 2014 ann. Tá méadú 14.9% tagtha ar úsáid fuinneamh teirmeach sa bhliain 2022, déantar fuinneamh teirmeach a gineadh trínár bhfoirgneamh a théamh trí foinsí neamhleictreacha a úsáid. Is córas leictreach nua é an córas téimh in uimhir 53 agus uimhir 54 murab ionann is córas téimh in uimhir 52, déantar an córas seo a gineadh ag úsáid gáis, is é an córas téimh gáis foinse fuinnimh teirmeach na Gníomhaireachta Tithíochta. Thosaigh an Gníomhaireacht Tithíochta ag tuarascáil fuinneamh teirmeach nuair a d'áitigh sé uimhir 52 in 2019.



## Feidhmíocht Fuinnimh 2014 - 2022



16.1% níos fearr ná 2021	💡	Leictreachas = 1,794 $\frac{\text{kWh}}{\text{FTE Fostaithe}}$	26.3% níos fearr ná 2021	💡
66.9% níos fearr ná bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh	💡	Teirmeach = 923 $\frac{\text{kWh}}{\text{FTE Fostaithe}}$	14.9% níos measa ná 2021	💡
46.6% níos fearr ná sprioc 2030	💡	Teirmeach = 0 $\frac{\text{kWh}}{\text{FTE Fostaithe}}$	0.0% níos measa ná 2021	💡

Sa bhliain 2022, leanamar lenár n-ídiú fuinnimh a laghdú trí chur chun feidhme roinnt tionscnamh:

- Forbairt Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide
- Rannpháirtíocht i bhfeachtas Úsáid Níos Lú de chuid an Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Leanúint le cothabháil ár ndeimhniúcháin agus dtiomantais i gcomhréir lenár plean cúig bliana le hEco-Merit.
- Monatóireacht leanúnach ar úsáid leictreachais , gáis, uisce agus dramhaíola a chur i bhfeidhm.
- Soilsiú tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil i ngach áitribh oifige.
- Scrúduithe sceitheadh agus seoidire a dhéanamh.
- Córas téimh leictreach tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil in uimhir 53 agus 54 Sráid an Mhóta Uachtarach.
- Cruinnithe 'Foireann Ghlas' a reáchtáil uair sa ráithe.

## Pleananna Amach Anseo

Agus méadú úsáid fuinneamh teirmeach á chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta comhláí radaitheoirí teirmeastatacha a shuiteáil go dtí an córas téimh gáis in uimhir 52 agus mar chuid de fheachtas Úsáid Níos Lú de chuid an Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann., tá an teocht laghdaithe go 19 céim sna trí foirgneamh. Leanfaimid ar aghaidh ag obair le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Eco-Merit chun ár spriocanna a bhaint amach agus chun aon togra nua riachtanach a chur i bhfeidhm do 2023.

## Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide

Rinne an Bord Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta a fhorghnó faoi dheireadh R1 2023, sonraítear sa treochlár seo ár gcuid pleananna chun spriocanna 2030 bhaint amach- laghdú 51% ar fuinneamh lena mbaineann astaíocht gás ceaptha teasa (GCT) laghdú 51% teirmeach (teas agus iompar) lena mbaineann astaíocht gás ceaptha teasa feabhsú 50% in éifeachtúlacht fuinnimh.

Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht tionscnaimh na Foirne Glaise a chur chun cinn ar bhonn leanúnach trí sheisiúin feasachta, oiliúna agus eolais a chur ar fáil.





# Deimhniú Iniúchta

# Deimhniú Iniúchta



## An tArd-Reachtair Cuntas is Ciste An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

#### An Gníomhaireacht Tithíochta

##### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 mar a éilítear faoi alt 11 den Ordú um an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 agus faoi alt 25 den Acht um Réiteach Pirite, 2013. Cuimsítear an méid a leanas leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh eile
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas athruithe ar chaipiteal agus cúlchistí
- an ráiteas ar shreafaí airgid thirim
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim féin, tugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh 2022 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

##### Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (ISAnna) de réir mar a chuirtear chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san agusín leis an tuarascáil seo. Tá mé spleách ar an nGníomhaireacht Tithíochta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

##### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile.

Chuir an Gníomhaireacht Tithíochta faisnéis áirithe eile ar fáil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear léi sin an tuarascáil bhliantúil, agus an ráiteas ar rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach san áireamh. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairiscí ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ghnóthaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairiscí trí eisceacht, san agusín leis an tuarascáil seo.

##### Úsáid shuíomhanna na Scéime Comhiomlánaithe Talún

I gCaibidil 11 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2022, scrúdaím an dul chun cinn a rinneadh i leith úsáid shuíomhanna na Scéime Comhiomlánaithe Talún.

Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Deireadh Fómhair 2023

# Deimhniú Iniúchta

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as an méid seo a leanas:

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 11 den Ordú um an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 agus alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013
- deimhin a dhéanamh de go dtugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhúchán ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaos nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas is Ciste

Éilítear orm faoi alt 11 den Ordú um an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 agus faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus chun tuairiscíú ina dtaobh do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar earráid. Is ardeibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe bheith ina dtoradh ar chalaos nó ar earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó trí chéile, dá mbeifí in ann bheith ag súil go mbeadh tionchar acu ar chinntí úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam

- Sainiúchadh agus measaim na rioscaí de mhíshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais, cé acu mar thoradh ar chalaos nó ar earráid; dearaim nósanna imeachta iniúchta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a chur ar fáil do mo thuairim. Is riosca níos airde é an riosca nach mbraithfear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos ná an riosca nach mbraithfear míshonrú ábhartha mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaóis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe gaolmhara.

- Bainim tatal amach as oiriúnacht úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar ábaltacht na Gníomhaireachta chun leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tatal a bhainim amach go bhfuil neamhchinnteacht ann, éilítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtuithe sin leordhóthanach, chun mo thuairim a mhionathrú. Bíonn mo chuid tatal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis le cur ar an nGníomhaireacht scor de leanúint mar ghnóthas leantach, áfach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunaidh leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear léiriú cóir amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil de chúram acu rialachas a chur i bhfeidhm maidir leis na gnóthaí a leanas, i measc gnóthaí eile; raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainiúchadh le linn m'iniúchta.

Tuairiscim trí eisceacht má tharla na nithe a leanas, i mo thuairim féin;

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh éasca agus ceart a cheadú ar na ráitis airgeadais
- ní na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Le mo thuairim ar na ráitis airgeadais ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon fhoirm de thatal maidir le dearbhú in iúl ina dtaobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna chun an fhaisnéis eile a léamh a chuirtear os mo chomhair agus, trí sin a dhéanamh, déanaim machnamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile comhsheasmhach ar bhonn ábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealaíonn sé ar shlí eile go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go mbainim an tatal as go bhfuil míshonrú ábhartha ann i leith na faisnéise eile sin, éilítear orm an fhír sin a thuairiscíú.

### Tuairiscíú ar ghnóthaí eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na saincheisteanna speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscim má shainiúchadh gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscim má shainiúchadh aon chás ábhartha nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun críocha beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann iad a rialú.

A photograph of a man with a beard and a plaid shirt sitting on a sofa. Two young boys are sitting on his shoulders, one pointing towards the camera. The scene is warmly lit and has a reddish tint. The text 'Financial statements for the year ended 31 December 2022.' is overlaid in white on the lower left portion of the image.

Financial statements  
for the year ended  
31 December 2022.

# Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Aithníonn an Gníomhaireacht Tithíochta an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas agus déanann sí a dícheall oibriú de réir an dea-chleachtais. Tá an Ráiteas Rialachais agus an tuarascáil ó chomhaltaí an bhoird ar fáil sa chuid seo.

---

## Rialachas

Bunaíodh bord na Gníomhaireachta Tithíochta le hOrdú Bunaithe I.R. Uimh. 264 de 2012. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird in alt 5 den ordú. Tá an bord freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann an bord an méid seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú na Gníomhaireachta Tithíochta ar bhonn laethúil. Ní mór dóibh an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mbord a leanúint agus ní mór dóibh a áirithiú go bhfuil tuiscint soiléir ag gach comhalta boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dócha iad a theacht chun cinn. Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin idirchaidreamh díreach idir an bord agus bainistíocht na Gníomhaireachta Tithíochta.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an bhoird leagtha amach i dtéarmaí tagartha an bhoird, ina leagtar amach freisin na hábhair atá forchoimeáda go sonrach le haghaidh cinneadh ag an mbord. Tá na nithe seo a leanas i measc na míreanna seasta a ndéanann an bord machnamh orthu:

- dearbhú leasanna;
- riosca;
- tuarascálacha ó choistí;
- Tuarascálacha Feidhmíochta;
- ábhair fhorchoimeáda; agus
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta.

Ceanglaítear le halt 11 den ordú go gcoimeádfaidh bord na Gníomhaireachta Tithíochta na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a fuair an bord nó a chaithfidh sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Ceanglaítear le halt 25 den *Acht um Réiteach Piríte, 2013* go n-ullmhóidh an Ghníomhaireacht Tithíochta ráitis airgeadais go bliantúil agus go gcuirfear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad lena n-iniúchadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, éilítear ar bhord na Gníomhaireachta Tithíochta:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- a lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an bord freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Ghníomhaireacht Tithíochta féin taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina mínítear agus ina dtaifeadtar a n-idirbhearta i gceart, nó go bhfuil an Ghníomhaireacht taobh thiar de choimeád na dtaifead sin. Is féidir sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais, ioncam agus caiteachas na heagraíochta a dhéanamh amach go réasúnta cruinn am ar bith ach féachaint ar na taifid seo. Úsáideann an bord na taifid seo chun a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 11(1) den *Ordú Bunaithe, 2012* agus alt 25(1) den *Acht um Réiteach Piríte, 2013*.

## **Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta.**

---

Is é an bord atá freagrach as an bplean gnó agus buiséad bliantúil a fhaomhadh agus rinneadh é sin sa bhliain 2022. Rinne an bord athbhreithniú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Tithíochta in éadan an phlean gnó ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2022 trí thuarascálacha feidhmíochta míosúla ar roinnt príomhréimsí fócais a ullmhú. Rinne an bord athbhreithniú chomh maith ar chuntais bhainistíochta mhíosúla in aghaidh an bhuiséid bhliantúil.

Tá an bord freagrach chomh maith as sócmhainní na Gníomhaireachta Tithíochta a chosaint agus dá réir sin, as céimeanna réasúnta a thógáil maidir le cosc agus brath calaoise agus mírialtachtaí eile.

Measann an bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta léargas fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar chúrsaí airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta amhail an 31 Nollaig 2022.



## Struchtúr an Bhoird

Rinneadh comhaltas an bhoird a mhéadú ó naonúr go dtí aon chomhalta dhéag i gcomhréir le I.R. Uimh. 123/2022, sa bhliain 2022. Rinneadh an dá áit bhreise sin a líonadh tríd an bpróiseas seirbhísí um cheapacháin phoiblí agus ceapadh ar an mbord iad i mí na Nollag 2022. Tá cathaoirleach agus deich gcomhalta ar an mbord agus ba é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheap iad ar fad. Bhuail comhaltaí an bhoird le chéile 9 n-uaire i gcaitheamh na bliana 2022.

Comhalta Boird	Eagraíocht	Téarma Ceapacháin
Michael Carey	Cathaoirleach	Ceapadh é don téarma 27 Aibreán 2018 - 26 Aibreán 2023
Donal McManus	Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta	Athcheapadh é don téarma 1 Eanáir 2018 - 31 Nollaig 2022 - D'éirigh sé as ar an 31 Nollaig 2022
Tony O' Brien	Sainchomhairleoir Bainistíochta	Athcheapadh é don téarma 1 Eanáir 2018 - 31 Nollaig 2022 - D'éirigh sé as ar an 31 Nollaig 2022
Niamh Callaghan	An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe	Ceapadh í don téarma 15 Aibreán 2021 - 31 Nollaig 2022, athcheapadh í don téarma 1 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2027
Áine Stapleton	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ceapadh í don téarma 6 Nollaig 2021 - 31 Nollaig 2022, athcheapadh í don téarma 1 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2027
Bob Jordan	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,	Appointed 13 Sept 2021 to 12 September 2026
An Ghníomhaireacht Tithíochta	Ceapadh é don téarma 13 Meán Fómhair 2021 - 12 Meán Fómhair 2026	Appointed January 2018 to 31 Dec 2022, reappointed 1 January 2023 to 31 December 2027
Fiona Lawless	Comhairle Contae na Mí	Ceapadh í don téarma Eanáir 2018 - 31 Nollaig 2022, athcheapadh í don téarma 1 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2027
David Duffy	Property Industry Ireland, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)	Ceapadh é don téarma 1 Iúil 2019 - 30 Meitheamh 2024
Frank Curran	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	Ceapadh é don téarma 9 Meán Fómhair 2019 - 8 Meán Fómhair 2024 - D'éirigh sé as ar an 31 Nollaig 2022
Dervla Tierney	Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách	Ceapadh í don téarma 19 Nollaig 2022 - 19 Nollaig 2027
Eileen Gleeson	Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách	Ceapadh í don téarma 19 Nollaig 2022 - 19 Nollaig 2027
Kevin Kelly	POF, Comhairle Contae Mhaigh Eo	Ceapadh é don téarma 19 Nollaig 2022 - 8 Meán Fómhair 2024

Cuireadh measúnú féin-mheastóireachta an bhoird i gcrích sa bhliain 2022.

## Fochoistí an Bhoird

Bhunaigh an bord dhá choiste:

- An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus
- An Coiste Straitéise

Tá trí chomhalta boird agus comhalta neamhspleách amháin ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca CIR). Is é ról an CIR tacú leis an mbord maidir le freagrachtaí dá chuid a bhaineann le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais, agus leis an dearbhú a bhaineann leis sin. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta.

**Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tugann an CIR tuairisc don bhord tar éis gach cruinnithe, agus déanann siad go foirmeálta i scríbhinn é ar bhonn bliantúil.**

---

Ba iad Tony O'Brien (Cathaoirleach), Donal McManus, Fiona Lawless, agus Alec Flood comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca sa bhliain 2022. Reáchtáladh cúig chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i gcaitheamh na bliana 2022. Ní íoctar aon táillí le comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Tháinig deireadh le tréimhse oifige triúr comhaltaí den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar an 31 Nollaig 2022, ba iad sin Tony O' Brien, Donal McManus agus Alec Flood. Cheap an Bord comhaltaí nua ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca i mí Eanáir 2023, ba iad sin Dervla Tierney mar Chathaoirleach an Choiste, Fiona Lawless, agus Carol Tancock.

Bunaíodh an Coiste Straitéise i mí an Mheithimh 2018 agus tá seisear comhaltaí boird agus beirt bhall foirne ón nGníomhaireacht Tithíochta air. Níor reáchtáladh aon chruinnithe den choiste sa bhliain 2022 mar gheall ar athbhreithniú air, ach bunaíodh coiste nua sa bhliain 2023, áfach.



## Sceideal Freastail, Táillí agus Costais sa bhliain 2022

### Comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta/an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca

An Bord	Cruinnithe Boird le freastal orthu	Cruinnithe Boird ar a bhFreastalaíodh	Iniúchóireacht agus Riosca	Táillí 2022	Costais 2022
Líon na gCruinnithe	9		5	€	€
Michael Carey	9	8	n/b	Náid	Náid
Donal McManus*	9	9	4	Náid	Náid
David Duffy	9	7	n/b	7,695	Náid
Frank Curran*	9	5	n/b	Náid	Náid
Tony O'Brien	9	5	5	Náid	Náid
Bob Jordan*	9	9	n/b	Náid	Náid
Niamh Callaghan*	9	7	n/b	Náid	Náid
Fiona Lawless*	9	8	4	Náid	Náid
Aine Stapleton*	9	9	n/b	Náid	Náid
Alec Flood	n/b	n/b	5	Náid	Náid
Eileen Gleeson	n/b	n/b	n/b	Náid	Náid
Kevin Kelly*	n/b	n/b	n/b	Náid	Náid
Dervla Tierney	n/b	n/b	n/b	Náid	Náid

\*Ní bhfuair seachtar ball táille Boird faoi Phrionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

### Príomhathruithe Pearsanra

D'éirigh comhalta boird amháin as oifig sa bhliain 2022, agus tháinig deireadh le tréimhse oifige bheirt chomhaltaí boird ar an 31 Nollaig 2022. Cheap an tAire triúr comhaltaí nua sa bhliain 2022 agus beirt chomhaltaí nua sa bhliain 2023, i gcomhréir le hOrdú Bunaithe, 2012. Ceapadh Dervla Tierney agus Eileen Gleeson (Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha) ar an mbord ar an 19 Nollaig 2022, agus ceapadh Kevin Kelly (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha Chomhairle Contae Mhaigh Eo) ar an mbord ar an 19 Nollaig 2022.

Ceapadh Carol Tancock (Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách) agus Eadaoin Ni Chleirigh (Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta) ar an mbord ar an 8 Eanáir 2023.

### Nochtuithe a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an bord freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann an Ghníomhaireacht Tithíochta ceanglais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Tuarastal (€)	Líon na bhFoirne	
	2022	2021
Under 60,000	105	89
60,000-70,000	9	11
70,000-80,000	9	5
80,000-90,000	8	8
90,000-100,000	3	2
100,000-110,000	1	2
110,000-120,000	2	2
120,000-130,000	0	0
130,000-140,000	0	0
140,000-150,000	0	0
150,000-160,000	1	0

### Miondealú na gCostas Comhairliúcháin

Costais Chomhairliúcháin (€)		
	2022	2021
Feabhsú Gnó	5,460	19,510
Comhairle Díl*	421,277	298,372
Comhairle Pinsin	3,936	5,756
Costais Eile	28,321	0
<b>IOMLÁN</b>	<b>458,994</b>	<b>323,638</b>

\*Chaith an Ghníomhaireacht Tithíochta tuilleadh costais díl ar fud na heagraíochta a mheastar a bheith gnó mar is gnách agus mar sin níor gabhadh iad laistigh de chostais chomhairliúcháin. Déantar foráil maidir le caiteachas ar chostais díl faoi nótaí 4.1 agus 7.

## Costais dlí agus socruithe

Foráiltear le reachtaíocht an Bhoird um Réiteach Piríte (BRP) go bhféadfaidh an BRP na costais go léir nó cuid díobh a bhaineann le teaghais a leigheas faoin Scéim a ghnóthú ó aon pháirtí a bhfuil dliteanas orthu, agus a bhfuil an acmhainn acu. Déanann an BRP, nuair a mheastar gur cuí, gach iarracht cuid de chostas na n-oibreacha a fháil ó thógálaithe nó ó fhorbróirí. Ní raibh socraíochtaí ar bith ann sa bhliain 2022. Ní raibh socraíochtaí dlíthiúla ar bith ann sa bhliain 2021.

## Fáilteachas

Caitheadh €5,495 ar fháilteachas le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear caiteachas ar shiamsaíocht (2021: €1,981). Caitheadh €5,294 san iomlán ar chostais ceaintín le linn na tréimhse tuairiscithe (2021: €3,071).

## Taisteal agus Cothú

Déantar caiteachas agus cothaithe foirne a chatagóiriú mar seo a leanas:

Taisteal agus Cothú (€)		
	2022	2021
Taisteal Intíre	67,093	48,072
Taisteal Idirnáisiúnta	6,874	0
<b>IOMLÁN</b>	<b>73,967</b>	<b>48,072</b>

Tá sé seo san áireamh i gcostais riaracháin oifige oibríochta mar chuid de chostais taistil agus de chostais eile foirne (Nóta 6). Ní raibh aon chaiteachas taistil ná cothaithe ar chomhaltaí an bhoird.

## Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)* Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm acu chun a áirithiú go gcloítear leis an gCód agus deimhníonn siad go gcloíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta leis an gCód, cé is moite de thrí cinn de riachtanais atá le cur i bhfeidhm fós. Baineann siad seo leis an am a fhoilsítear an tuarascáil bhliantúil, le breithmheas chathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus le hathbhreithniú criticiúil tréimhsiúil atá á dhéanamh. Cuireadh gníomhartha i gcrích le cinntiú go gcloítear leis na riachtanais ar fad.

## An Bord um Réiteach Piríte

Is é an Bord um Réiteach Piríte (BRP) an struchtúr rialaithe don Scéim um Leasúchán Piríte, agus is dhá bhord ar leith iad an BRP agus Bord na Gníomhaireachta Tithíochta. Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an BRP seo. Bunaíodh an BRP tar éis thosach feidhme an *Achta um Réiteach Piríte, 2013* ar an 10 Eanáir 2014. Bunaíodh é chun scéim a chur ar bun lena réiteofar an damáiste a rinne aistriú cothrománach piríte do theaghaisí áirithe, agus chun go mbeadh ról ceannasach agus maoirseachta acu i gcur i bhfeidhm éifeachtach clár oibreacha leasúcháin do theaghaisí damáistithe. Is é an cathaoirleach John O' Connor atá i gceannas ar an BRP, i gcomhar leis na feidhmeanna feidhmiúcháin a dhéanann an bainisteoir ginearálta, Martin Lynch.

Cuirtear ceanglas ar an nGníomhaireacht Tithíochta faoin *Acht um Réiteach Piríte, 2013* an scéim um leasúchán a oibriú thar ceann an BRP. Is í an Gníomhaireacht Tithíochta an comhlacht a thugann feidhm fheidhmiúcháin don BRP trí bhainistíocht airgid, agus roinnt acmhainní. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta freagrach as cur chun feidhme na Scéime um Leasúchán Piríte.

## BRP - Comhaltas agus Táillí an Bhoird

Tháinig roinnt athruithe ar chomhaltaí an Bhoird um Réiteach Piríte le linn na bliana 2022, d'éirigh Derek Sinnott (Cathaoirleach) as oifig ar an 1 Meán Fómhair 2022 ag deireadh a théarma ceapacháin. Ceapadh John O' Connor ina Chathaoirleach ón 2 Meán Fómhair 2022. Bhí Karen Dillon, Pierce O' Donnell agus John Tiernan i measc na gcomhaltaí nua eile a ceapadh ar an mBord um Réiteach Piríte. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Alec Floods ar an mbord um Réiteach Piríte freisin ar an 28 Nollaig 2022.

Comhalta Boird	Téarma Ceapacháin	Táillí 2022 (€)	Expenses 2022 (€)
<b>Derek Sinnott*</b>	Ceapadh ina ghnáth-chomhalta boird é don téarma 2 Meán Fómhair 2016 - 1 Meán Fómhair 2019. Athcheapadh é don téarma 2 Meán Fómhair 2019 - 1 Meán Fómhair 2022. Ceapadh ina Chathaoirleach Eatramhach é i mí Bealtaine 2021, agus ansin ceapadh ina Chathaoirleach é ón 15 Feabhra 2022. D'éirigh sé as oifig ar an 1 Meán Fómhair 2022	Náid	2,224.72
<b>John O'Connor</b>	Ceapadh ina ghnáth-chomhalta Boird é ar an 28 Iúil 2022, agus ansin ceapadh ina Chathaoirleacht Ainmnithe é ón 2 Meán Fómhair 2022.	<b>200</b>	Náid
<b>Kevin McCrave</b>	Ceapadh ina ghnáth-chomhalta Boird é don téarma 2 Meán Fómhair 2020 - 1 Meán Fómhair 2023.	<b>2,000</b>	Náid
<b>Alec Flood</b>	Ceapadh ina ghnáth-chomhalta Boird é don téarma 29 Nollaig 2016 - 28 Nollaig 2019. Athcheapadh é don téarma 29 Nollaig 2019 - 28 Nollaig 2022. D'éirigh sé as oifig ar an 28 Nollaig 2022.	<b>2,200</b>	Náid

Comhalta Boird	Téarma Ceapacháin	Táillí 2022 (€)	Expenses 2022 (€)
Lydia Bunni	Ceapadh ina gnáth-chomhalta Boird í don téarma 2 Meán Fómhair 2020 - 1 Meán Fómhair 2023.	1,000	Náid
Karen Dillon	Ceapadh ina gnáth-chomhalta Boird í ar an 28 Iúil 2022	400	Náid
Pierce O'Donnell	Ceapadh ina ghnáth-chomhalta Boird é ar an 28 Iúil 2022	600	Náid
John Tiernan	Ceapadh ina ghnáth-chomhalta Boird é ar an 2 Meán Fómhair 2022.	200	Náid


\*One member did not receive a Board fee under the One Person One Salary (OPOS) Principle.

Ní mór don BRP, faoi fhorálacha an *Achta um Réiteach Piríte, 2013*, tuarascáil bhliantúil (ina dtugtar achoimre ar fheidhmíocht a fheidhme faoi fhorálacha an Achta) a chur faoi bhráid an Aire faoin 30 Meitheamh gach bliain ar a dhéanaí. Tá taifead foirmiúil de ghnéithe airgeadais an BRP ar fáil laistigh de ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tá fochoiste den Bhoird i bhfeidhm ag an BRP, is é sin an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR). Bunaíodh an CIR i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus tá ceathrar comhaltaí boird agus comhalta neamhspleách amháin ar an gCoiste. Is é ról an CIR tacú leis an mbord i dtaca le freagrachtaí dá chuid a bhaineann le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais, agus leis an dearbhú a bhaineann leis sin.

Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tugann an CIR tuairisc don bhord tar éis gach cruinnithe, agus déanann siad go foirmeálta i scríbhinn é ar bhonn bliantúil.

Ba iad Alec Flood (Cathaoirleach), Derek Sinnott, Lydia Bunni, Kevin McCrave agus Tony O'Brien comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca sa bhliain 2022. Ní íoctar aon táillí le comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca. D'éirigh Alec Flood, Derek Sinnott agus Tony O'Brien as an gcoiste sa bhliain 2022 toisc gur tháinig deireadh lena dtéarma ceapacháin.



**Michael Carey**  
Cathaoirleach

# Ráiteas Maidir Le Rialú Inmheánach

## Réamhrá

Tá an Ráiteas um Rialú Inmheánach ar aon dul le ceanglas dá bhforáiltear faoi Alt 2 (2.7) Ról an Chathaoirligh atá sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta, admhaím freagracht an Bhoird as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a oibriú. Leis an bhfreagracht seo cuirtear san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a aithint agus a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Mar sin is féidir leis an gcóras dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá i gcomhréir le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Gníomhaireacht Tithíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Acmhainn le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil saineolas ábhartha airgeadais agus iniúchóireachta acu. Reáchtáladh cúig chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i gcaitheamh na bliana.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta freisin a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus a stiúran clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Ghlac an Bord le Beartas Bainistíochta Riosca, rud a leagann amach a mhian riosca; na struchtúir agus na próisis bhainistíochta riosca a cuireadh i bhfeidhm agus sonraítear leis ról agus freagrachtaí na Feidhmeannachta maidir le riosca. Eisítear an beartas do gach ball foirne a gceanglaítear orthu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca na Gníomhaireachta Tithíochta. Déantar athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta chun



bainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi aon riachtanais le haghaidh rialaithe/rialuithe breise. Glacann baill foirne freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas Bainistíochta Riosca.

Mhol an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca, sa bhliain 2022, go ndéanfaí feabhsuithe ar an gcreat bainistíochta riosca lena n-áiríodh athbhreithniú ar an mbeartas reatha um bainistíocht riosca a dhéanamh, oiliúint bhunúsach i mbainistíocht riosca a chur ar fáil, bogearraí bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus na cláir um rioscaí de chuid gach rannóg a nuashonrú.

### Creat um Riosca agus Rialú

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá Clár um Rioscaí Corparáideacha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht agus cuireann Clár Rioscaí na Rannóg leis seo. Tá Clár um Rioscaí Corparáideacha ag an nGníomhaireacht lena sainaithnítear na rioscaí di, agus déantar iad seo a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord agus an Fhoireann Ardbhainistíochta athbhreithniú míosúil ar an gClár um Rioscaí Corparáideacha, agus déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú ar rioscaí corparáideacha ag gach cruinniú, agus is mír sheasta ar a gclár oibre é seo. Is mír sheasta é riosca ar chlár oibre na Foirne Ardbhainistíochta agus déantar plé air gach seachtain.

### Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraíonn na Cláir um Rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú, agus leagtar cúram ar bhaill foirne ar leith as na rialuithe sin a chur i bhfeidhm. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- sainmhíodh ábhair atá forchoimeáda do chinneadh an Bhoird,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil ar choinníonn an bhainistíocht shinsearach (agus an Bord) é faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais,
- tá soláthraí seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe airgeadais chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh nósanna imeachta, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascála tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Maidir leis an mbliain 2022, níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Forbróidh an Fheidhmeannas ráiteas dearbhaithe athbhreithnithe sa bhliain 2023 chun cumarsáid aníos maidir le dearbhuithe a fheabhsú laistigh den Fheidhmeannas, rud a chuirfidh feabhas ar dhearbhuithé ón bPríomhfheidhmeannach chuig an mBord gach bliain ar bhonn foirmiúil, tráth a mbeidh sé i gcomhthráth le breithniú an Bhoird ar a ráitis bhliantúla um rialachas agus rialú inmheánach. Forbrófar an ráiteas seo i gcomhar leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca d'fhonn dearbhú a thabhairt do cheannasaithe feidhmeanna gnó maidir le rialú inmheánach agus saincheisteanna comhlíonta. Meastar go n-admhófar sa ráiteas nach féidir le córas um rialú inmheánach ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a chur ar fáil.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. An obair a dhéanann na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an obair a dhéanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir le maoirseacht ar obair na n-iniúcháirí sin, agus an obair a dhéanann ardbhainistíocht na Gníomhaireachta Tithíochta maidir leis an gcreat um rialú inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil, tá na nithe sin ar fad mar bhonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an Gníomhaireacht Tithíochta ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach. Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha um sholáthar. Tarraingítear aird ar ábhair a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna um rialú inmheánach thíos.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022.

## Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Maidir le 2022, tabhaíodh caiteachas iomlán €102,351.84, CBL san áireamh, i dtaca le seirbhísí a d'úsáid nósanna imeachta nach raibh i gcomhréir le treoirlínte soláthair. Baineann méid iomlán an €102,351.84 sin le Seirbhísí Tacaíochta an Ionaid Glaonna. Rinne comhghníomhaireacht Seirbhísí Tacaíochta an Ionaid Ghlaonna a sholáthar den chéad uair sa bhliain 2018 chun eolas a chur ar fáil do bhail an phobail maidir leis an Táirge lasachta Tithíochta ag Éire a Atógáil. Lean an Gníomhaireacht Tithíochta ar aghaidh leis an tseirbhís seo i rith na bliana 2021 agus isteach sa bhliain 2022 ar mhaithe leis an leanúnachas, go háirithe mar gheall ar Tháirge lasachta Tithíochta na n-Údarás Áitiúil a bheith seolta faoin bPlean 'Tithíocht do Chách'. Cuireadh deireadh leis an gconradh i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus tá an tseirbhís ar fáil anois laistigh den eagraíocht féin. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le clár na gconarthaí a neartú chun gur féidir monatóireacht níos éifeachtaí a dhéanamh ar chonarthaí.

Tá athbhreithniú iomlánaíoch á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar a timpeallacht rialaithe, go háirithe ó thaobh airgeadais agus soláthair de. Áireofar san athbhreithniú seo athbhreithniú ar struchtúr oibríochtúil na rannóige airgeadais chun go mbeidh sé ag teacht le riachtanais straitéiseacha na Gníomhaireachta, agus athbhreithniú ar na córais atá i bhfeidhm chun go neartófar gach gné den soláthar, de bhainistíocht conarthaí agus d'íocaíochtaí.



**Michael Carey**  
Cathaoirleach

24th Deireadh Fómhair 2023

**Dáta**

## Ráiteas ar Ioncam Agus Caiteachas Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

		2022	2021
Ioncam	Nóta	€	€
An Gníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil	3(a)	15,088,226	12,663,559
An Scéim um Leasúchán Píiríte	3(b)	20,200,383	15,134,494
Fálacha – Ciste Imrothlach	3(c)	14,942,470	28,018,868
Fálacha – Aisghabhálacha ó 3ú Páirtithe	3(d)	83,010	314,085
Glan-Ús Sochair Scoir - GNF	13	(9,000)	(11,000)
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>50,305,089</b>	<b>56,120,006</b>
<b>Caiteachas</b>			
An Gníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil	4(a)	15,154,364	12,026,884
An Scéim um Leasúchán Píiríte	4(b)	20,134,959	15,492,858
Fálacha – Ciste Imrothlach	4(c)	15,203,074	28,464,446
Fálacha- Costais 3ú Páirtí a Tabhaíodh	4(d)	82,307	313,260
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>50,574,704</b>	<b>56,297,408</b>
<b>BARRACHAS / (EASNAMH) DON BHLIAIN</b>		<b>(269,615)</b>	<b>(177,402)</b>

Tá nótaí 1 – 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais ar an 24th Deireadh Fómhair 2023 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird::



**Michael Carey**  
Cathaoirleach  
Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023



**Bob Jordan**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023

## Ráiteas Ar Ioncam Cuimsitheach Eile Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

		2022	2021
	Nóta	€	€
Barrachas / (Easnamh) don bhliain Anailísithe mar:			
An Ghníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil		(66,138)	636,715
An Scéim um Leasúchán Piríte		65,424	(358,364)
Fálacha – Ciste Imrothlach		(260,604)	(445,578)
Fálacha – 3ú Páirtí		703	825
Costais Sochair Scoir - GNF	13.2	(9,000)	(11,000)
		<b>(269,615)</b>	<b>(177,402)</b>

### Ioncam Cuimsitheach Eile

#### **An Ghníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil**

Barrachas don bhliain		(66,138)	636,715
Athluacháil agus Gnóthachan / (Caillteanas) ar an gCúlchiste Athluachála Talún		(577,941)	5,919,054
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireacha Scéim Aoisliúntais agus SPS ar dhlíteanais Sochair Scoir		7,368,000	(1,397,000)
Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha		(7,368,000)	1,397,000
<b>Ioncam Cuimsitheach Oibríochtúil GT / (Easnamh)</b>		<b>(644,079)</b>	<b>6,555,769</b>

#### **An Scéim um Leasúchán Piríte - Ioncam / (Easnamh) Cuimsitheach**

65,424 (358,364)

#### **Fálacha – Ioncam Cuimsitheach ón gCiste Imrothlach / (Easnamh)**

(260,604) (445,578)

#### **Fálacha – Ioncam / (Easnamh) Cuimsitheach 3ú Páirtí**

703 825

#### **An Ciste um Cheannach Talún – Ioncam / (Easnamh) Cuimsitheach**

125,000,000 -

#### **Sochair Scoir**

Barrachas / (Easnamh) - Scéim GNF	13.2	(9,000)	(11,000)
Gnóthachain/Caillteanais ó thaithí - Scéim GNF	13.2	1,682,000	(610,000)
Sochar GNF ar shócmhainní plean (gan ús a áireamh)	13.2	(2,469,000)	667,000
<b>Ioncam Sochair Scoir / (Easnamh)</b>		<b>(769,000)</b>	<b>46,000</b>

#### **Ioncam Cuimsitheach Iomlán / (Easnamh) don bhliain**

**123,365,444 5,798,652**

Tá nótaí 1 – 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais ar an 24th Deireadh Fómhair 2023 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



**Michael Carey**

**Cathaoirleach**

**Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023**



**Bob Jordan**

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023**

## Ráiteas Ar Staid Airgeadais Amhail An 31 Nollaig 2022

	Nóta	Amhail 31 Nollaig 2022	Amhail 31 Nollaig 2021
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	8	62,102,844	63,188,823
lasachtaí Lamháltais um Eintiteas Sochair Phoiblí	12	60,365,406	9,269,484
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Fálacha Tithíochta - Taiscí agus Stoc Tithe atá le hAthdhíol	4	23,257,990	30,219,254
Infháiltais	9	649,356	706,946
Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim	10	177,722,437	45,282,943
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Méideanna le híoc	11	(3,212,020)	(2,816,361)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>198,417,763</b>	<b>73,392,782</b>
<b>Glansócmhainní (Roimh Dhliteanais Fhadtéarmacha)</b>		<b>320,886,013</b>	<b>145,851,089</b>
<b>Dliteanais Fhadtéarmacha</b>			
Iníochta tar éis bliain amháin	11	(60,126,334)	(9,252,854)
<b>Sochair Scoir</b>			
Sócmhainn Sochair Scoir - GNF	13	10,948,000	13,952,000
Dliteanas Sochair Scoir - GNF	13	(5,645,000)	(7,853,000)
Maoiniú Sochair Scoir larchurtha	13	16,324,000	20,818,000
Dliteanais Sochair Scoir	13	(16,324,000)	(20,818,000)
<b>Glansócmhainní Iomlána / (Dliteanais)</b>		<b>266,062,679</b>	<b>142,697,235</b>
<b>CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ</b>			
Fálacha – Cúlchistí Chiste Imrothlaigh	SOCCR	67,753,541	68,014,146
Fálacha – Cúlchistí 3ú Páirtí	SOCCR	(5,713)	(6,416)
An Ciste um Cheannach Talún	SOCCR	125,000,000	-
Cúlchistí Oibríochtúla na Gníomhaireachta Tithíochta	SOCCR	68,016,142	68,660,220
Cúlchistí Piríte	SOCCR	(4,291)	(69,715)
Cúlchiste Sochair Scoir - GNF	SOCCR	5,303,000	6,099,000
<b>Cúlchistí Caipitil Iomlána</b>		<b>266,062,679</b>	<b>142,697,235</b>

Tá nótaí 1 – 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais ar an 24th Deireadh Fómhair 2023 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



**Michael Carey**

Cathaoirleach

Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023



**Bob Jordan**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023

## Ráiteas Maidir Le Hathruithe Ar Chaipiteal Agus Cúlchistí Don Bhliain Dar Críoch An 31 Nollaig 2022

	Cúlchistí Oibríochtúla na Gníomhaireachta Tithíochta				Cúlchistí Piríte	Cúlchistí - Ciste Imrothlach (Fálacha)	Cúlchistí Eile - Fálacha	Cúlchiste - An Ciste um Cheannach Scoir - GNF Talún	Cúlchiste Sochair	Iomlán
	Cúlchiste Caipitil	Cúlchiste Ioncaim	Cúlchiste Athluachála Talún	Iomlán						
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2022	6,640,149	4,933,569	57,086,502	68,660,220	(69,715)	68,014,146	(6,416)	-	6,099,000	142,697,235
Barrachas / (Easnamh) don bhliain	-	(644,079)	-	(644,079)	65,424	(260,604)	703	125,000,000	(796,000)	123,365,444
Aistriú chuig Ioncam	(233,017)	233,017	-	-	-	-	-	-	-	-
Aistriú chuig Cúlchiste Athluachála	-	852,961	(852,961)	-	-	-	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2022	<b>6,407,132</b>	<b>5,375,468</b>	<b>56,233,541</b>	<b>68,016,141</b>	<b>(4,291)</b>	<b>67,753,541</b>	<b>(5,713)</b>	<b>125,000,000</b>	<b>5,303,000</b>	<b>266,062,679</b>
					€	€	€	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2021	6,709,672	4,177,301	51,217,478	62,104,451	288,649	68,459,724	(7,241)	-	6,053,000	136,898,583
Barrachas / (Easnamh) don bhliain	-	6,555,769	-	6,555,769	(358,364)	(445,578)	825	-	46,000	5,798,652
Aistriú chuig Ioncam	(69,523)	69,523	-	-	-	-	-	-	-	-
Aistriú chuig Cúlchiste Athluachála	-	(5,869,024)	5,869,024	-	-	-	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2021	<b>6,640,149</b>	<b>4,933,569</b>	<b>57,086,502</b>	<b>68,660,220</b>	<b>(69,715)</b>	<b>68,014,146</b>	<b>(6,416)</b>	<b>-</b>	<b>6,099,000</b>	<b>142,697,235</b>

Tá nótaí 1 – 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais ar an 24th Deireadh Fómhair 2023 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



**Michael Carey**  
Cathaoirleach  
Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023



**Bob Jordan**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023

## Ráiteas Ar Shreafaí Airgid Don Bhliain Dar Críoch An 31 Nollaig 2022

		2022	2021
	Nóta	€	€
<b>Glanreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochtúla</b>			
Ioncam Cuimsitheach Iomlán / (Easnamh) don bhliain		123,365,444	5,798,652
Dímheas	8	276,410	173,207
Athluacháil na Talún a Choinnítear	8	-	(6,948,574)
Cailliúint ar Dhiúscairt Talún	8	577,941	1,029,520
Aistriú chuig Cúlchiste Sochair Scoir - GNF / Aistriú uaidh	13.2	796,000	(46,000)
Méadú i Stoic agus i dTaiscí	4	6,961,264	15,840,391
Laghdú / (Méadú) / Laghdú ar Infháltais	9	57,591	(16,607)
(Méadú) ar Iasachtaí Lamháltais um Eintiteas Sochair Phoiblí	12	(51,095,922)	(9,269,484)
(Méadú) / Laghdú i Méideanna le hÍoc	11	51,269,139	2,740,361
<b>Glan-airgead tirim a gineadh / (a iompraíodh) ó Ghníomhaíochtaí Oibríochtúla</b>		<b>132,207,867</b>	<b>9,301,466</b>
<b>Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a cheannach	8	(43,393)	(103,684)
Suíomh Comhshuimithe Talún a Dhíol	8.2	275,020	50,030
<b>Glan-airgead tirim a gineadh / (a iompraíodh) ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b>231,627</b>	<b>(53,654)</b>
<b>Glanmhéadú / (laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid</b>		<b>132,439,494</b>	<b>9,247,812</b>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		45,282,943	36,035,131
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	10	177,722,437	45,282,943
<b>(Méadú) / Laghdú in Airgead Tirim</b>		<b>132,439,494</b>	<b>9,247,812</b>

Tá nótaí 1 – 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais ar an 24th Deireadh Fómhair 2023 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



**Michael Carey**  
Cathaoirleach  
Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023



**Bob Jordan**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 24th Deireadh Fómhair 2023



## Nótaí A Ghabhann Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch An 31 Nollaig 2022

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na mbeartas cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht leagtha amach thíos. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin. Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú ar mhaithe le leanúnachas le nochtuithe na bliana reatha agus d'fhéadfadh difríochtaí beaga slánaithe a bheith ann.

### Faisnéis Ghinearálta

#### 1.1. Bunú na Gníomhaireachta Tithíochta

Bunaíodh an Gníomhaireacht Tithíochta ar bhonn reachtúil ar an 1 Lúnasa 2012 faoi Ordú na Gníomhaireachta Tithíochta agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012. Is iad seo a leanas feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- seirbhísí comhroinnte agus lárnacha; seirbhísí taighde, comhairleacha, faisnéise agus oiliúna, seirbhísí comhairliúcháin, teicniúla agus pleanála straitéisí, soláthar agus seirbhísí gníomhaireachta;
- ar iarratas ón Aire, innéacsanna maoinne cónaithe a ullmhú, a shealbhú, a bhainistiú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear innéacsanna maidir le díolacháin tithíochta cónaithe agus cíosanna réadmhaoine cónaithe;
- socrú, comhordú, agus soláthar athghiniúna sóisialta agus eacnamaíochta, lena n-áirítear forbairt agus feabhsú talún agus bonneagair; agus
- comhordú do agus rannchuidiú le réiteach saincheisteanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe.

D'oibrigh an Gníomhaireacht Tithíochta trí Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Teo.) go dtí go mbunófaí í ar bhonn reachtúil. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais HSC Teoranta chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013. Áiríodh ar na sócmhainní a aistríodh tailte forbartha agus tailte a choinnítear faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún. Féach Nóta 8.

#### Feidhmeanna breise:

**An Bord um Réiteach Piríte** – Bunaíodh an Bord seo ar an 10 Eanáir 2014 faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013. Is iad príomhfheidhmeanna an bhoird seo scéim um leasúchán piríte a fhorbairt, agus an scéim sin a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh uirthi. Is é ról na Gníomhaireachta Tithíochta, faoin Acht, an scéim a riar agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte. Aithnítear sna ráitis airgeadais seo maoiniú a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus caiteachas a tabhaíodh i ndáil le leasúchán piríte. Féach Nóta 3(b), 4(b) agus 15.

**Cuidiú le hÚdaráis Áitiúla maidir le tithíocht a cheannach** – Ó mhí Iúil 2015 i leith, ceannaíonn an Gníomhaireacht Tithíochta tithe ó leachtaitheoirí/glacadóirí thar ceann na nÚdarás Áitiúil. Ní leis an nGníomhaireacht é an stoc a choinnítear. Tá iarmhéid deiridh na gcistí a fuarthas san áireamh faoi mhéideanna atá le híoc sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Féach Nóta 3(d), 4(d), 11 agus beartas cuntasáíochta 1.15.

**An Gníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta** - D'oibríodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta (GNF) scéim pinsin sochair sainithe maoinithe. Ar threoracha ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ceapadh an Gníomhaireacht Tithíochta mar an phríomheagraíocht chun scéim pinsin na GNF a riar, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018. Féach Nóta 1.12(b) agus Nóta 13.

**Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine** - In 2016 cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht plé le bainc, le hinfheisteoirí, agus le húinéirí ionchasacha eile ar leo líon mór ionaid réadmhaoine ar bhonn náisiúnta agus é sin a dhéanamh trí dheontas imrothlach €76 milliún agus na réadmhaoine sin a dhíol le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le hÚdaráis Áitiúla. Níl sé i gceist ag an nGníomhaireacht brabús ná caillteanas a dhéanamh ar na hidirbhearta seo. Gearrtar costais áirithe a thabhaíonn an Gníomhaireacht i gcoinne an chiste. Féach Nóta 3c agus 4c, agus beartas cuntasáíochta 1.7.

**Iasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais** – Rinneadh an tAcht um Thithíocht Inacmhainne, 2021 a shíniú ina dhlí sa bhliain 2021 lenar tugadh cumhachtaí don Gníomhaireacht Tithíochta maidir le hiasachtaí a thabhairt do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) faoin scéim Iasachta ar Chothromas Cíos de réir Costais. Tugann an Gníomhaireacht Tithíochta, le toiliú an Aire, Réamhiasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais (“CREL”) do CTCanna ar an gcoinníoll go gcuireann siad áiteanna cónaithe ar cíos de réir costais ar fáil do thionóntaí incháilithe. Maireann iasachtaí CREL ar feadh 40 bliain agus tá ráta úis 1% acu. Is gá an iasacht a aisíoc ag deireadh an téarma. Déanann an Gníomhaireacht Tithíochta socruithe na hiasachta a riar chomh maith le Comhaontuithe na hiasachta a dhréachtú, agus dícheall cuí á léiriú acu i leith gach moladh CTC go dtí go sínítear an iasacht CREL, a dhaingníonn an iasacht i gcoinne na n-áiteanna cónaithe ábhartha ar Cíos de réir Costais (slándáil an dara táille) agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht CTC le téarmaí na hiasachta le linn an téarma. Féach Nótaí 1.18, 3.7, 11, agus 12.

**An Ciste um Cheannach Talún** – Ag cruinniú ar an 15 Samhain 2022, tháinig an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus an Rialtas ar chomhaontú maidir le maoiniú de chuid acmhainní reatha na Roinne Tithíochta a leithdháileadh. Thug an tAire le fios don Rialtas go bhfuil €125m á leithdháileadh chun ciste um cheannach talún a bhunú faoin nGníomhaireacht Tithíochta. Úsáidfear an t-airgead sa chiste seo go sonrach chun talamh a cheannach le haghaidh soláthar tithíochta sóisialta.

**DCEDIY** – Leagadh de chúram, ó thús na bliana 2022, ar an nGníomhaireacht Tithíochta cuidiú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) chun ionaid réadmhaoine a fháil le haghaidh lóistín d'íarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (Céim 2). Bíonn an caiteachas go léir réamh-mhaoinithe ag DCEDIY, agus aon airgead atá fágtha ag deireadh na bliana, taifeadtar é faoi shuimeanna iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Féach Nóta 4.4 agus 11.

**An Scéim Deontais um Bloic Choincréite Lochtacha** – Síníodh an tAcht um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Coincréite Lochtach, 2022 ina dhlí ar an 22 Meitheamh 2023. Eisíodh na Rialacháin ar an 3 Iúil 2023 nuair a chuir an tAire tús leis an Scéim. Tá foráil san Acht, 2022 do ról na Gníomhaireachta Tithíochta (GT) agus tá foráil sna Rialacháin, 2023 do shonraí nach bhfuil san áireamh san Acht sin. Is éard atá i gceist go príomha le ról na GT ná athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais féachaint an nglacfar isteach sa scéim deontais iad. Is iarratais iad seo a chuireann údarais áitiúla ainmnithe (ÚÁna) chucu, mar gheall ar dhamáiste, agus ansin nuair a bhíonn an t-athbhreithniú déanta acu cuireann siad cinntí ar fáil do na ÚÁna ábhartha maidir le roghanna leasúcháin agus méid na ndeontas.

## 1.2. Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

## 1.3. Basis of Preparation

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme in Éirinn agus leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá na ráitis i bhfoirm a d'fhaomh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Le hullmhú ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS102, éilítear an úsáid de mheastacháin chuntasaíochta chriticiúla. Éilítear leis ar an mbainistíocht freisin breithiúnas a fheidhmiú agus na beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm aici. Eintiteas Sochair Phoiblí is ea an Gníomhaireacht Tithíochta mar a mhínítear in alt 34 de FRS 102.

## 1.4. Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na Ráitis airgeadais ar bhonn an gnóthais leantaigh.

### 1.5. Beartas Ioncaim

Léirítear in ioncam deontais, táillí, ioncam cíosa agus aisghabhálacha eile na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) a úsáidtear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú de réir mar a thugann sé cúnamh don Roinn agus d'Údaráis Áitiúla i gcur i bhfeidhm an bheartais tithíochta. Aithnítear Ioncam Deontais a fhaightear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú ar bhonn fáltas airgid.

Tugann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) réamh-mhaoiniú don Ghníomhaireacht Tithíochta maidir le costais a thabhaíonn sí i ndáil leis an scéim um leasúchán Piríte agus an scéim deontais um Bloic Choincréite Lochtacha. Aithnítear ioncam sna Ráitis Airgeadais nuair a fhaightear é ón Roinn.

Baineann Ioncam Eile le hioncam ó tháillí, aisghabháil costas agus Sochair Scoir GNF. Aithnítear ioncam nuair a eisítear sonrasc chuig an eagraíocht ábhartha.

### 1.6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní Seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Cuimsíonn costas na costais go léir atá inchurtha go díreach chun an tsócmhainn a thabhairt i riocht oibre don úsáid atá beartaithe di.

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, ag rátaí a ríomhtar chun an costas lúide luach iarmharach measta maidir le gach sócmhainn a dhíscríobh go córasach thar a saolré úsáideach a bhfuil súil leis, mar a leanas:

Foirgnimh	-	2% Méid Cothrom
Daingneáin, Feistis agus Trealamh	-	12.5% Méid Cothrom
Trealamh Ríomhaireachta	-	20% Méid Cothrom

### Talamh Forbartha

Ba iad an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (GNF) agus Tithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Teo.) ar dtús a cheannaigh talamh forbartha a bhí i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta chun críocha forbartha amach anseo. Mar chuid den phróiseas cuíchóirithe, aistríodh na sócmhainní seo chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013 ar a luach margaidh oscailte. Ba é luach iomlán na sócmhainní sin tráth an aistrithe ná €1,441,247 (Nóta 8). Cuirtear an talamh forbartha san áireamh ar a chostas.

Níl an talamh seo á fhorbairt faoi láthair. Samhlaítear, i gcás go bhfuil an talamh seo oiriúnach le haghaidh tithíochta, bíodh sé mar thithíocht shóisialta nó chun críocha tithíochta eile, go n-úsáidfear é le haghaidh tithíochta, sa chás go mbíonn gá leis sa cheantar. Chinnfí aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as aon cheann de na suíomhanna seo i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## Talamh a Choinnítear faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún

Faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún (2010-2013), d'aistrigh Údarás Áitiúla talamh forbartha cónaithe áirithe a raibh lasachtaí Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta gan íoc ag baint leis chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ar tháille ainmniúil. Cheadaigh an Roinn aistriú de 73 suíomh agus achar iomlán 247 heicteár i gceist chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Bhí aitheantas tosaigh na talún ag luach ainmniúil €1 in aghaidh an tsuímh. Glacadh le beartas athluachála in 2018 agus aithnítear an talamh anois ag luach cóir. Iarrtar go ndéanfar luacháil deisce ar shuíomhanna ardluacha ar bhonn débhlantúil agus go ndéanfar beart luachála mionsonraithe gach 6 bliana. Aithnítear athruithe ar luach cóir laistigh den Athluacháil agus Gnóthachan / (Cailliúint) ar dhiúscairt sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile agus sa chúlchiste athluachála. Tá 61 ceann de na suíomhanna seo i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta fós, amhail an 31 Nollaig 2022.

### 1.7. Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine

#### Ceannacháin agus Díolacháin

Aithnítear Díolacháin Réadmhaoine ar chistí a fháil. Aithnítear Ceannacháin Réadmhaoine ar íoc as cistí. Aithnítear caiteachas a thabhaítear ar fheabhsuithe ar fhoirgnimh nuair a íoctar é. Is faoi Sócmhainní Reatha a aithnítear éarlaisí a íoctar ar ionaid réadmhaoine. Is faoi stoc Tithíochta na dtithe atá le hathdhíol a aithnítear ionaid réadmhaoine a ceannaíodh ach nár díoladh/aistríodh fós. Iompraíonn an ciste aon bharrachas nó easnamh. Féach Nóta 4.

#### Fardal an Chláir um Fháil Tithíochta

Léiríonn an fardal um Fháil Tithíochta costas na n-ionad réadmhaoine a fuarthas, móide aon oibreacha uasghrádaithe caipitil a rinneadh ar na hionaid réadmhaoine agus aon éarlaisí a cuireadh síos ar ionaid réadmhaoine atá le ceannach.

#### Cúlchiste um Fháil Tithíochta

Is é an cúlchiste um Fháil Tithíochta an maoiniú atá fágtha ón gclár um Fháil Tithíochta. Tá gníomhaíocht an chláir um Fháil Tithíochta léirithe i Nóta 3(c) agus 4(c).

### 1.8. Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil maidir le fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil maidir le fiacha amhrasacha agus bunaítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Gníomhaireacht in ann na méideanna go léir atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Taispeántar na méideanna seo mar infháltais. Féach Nóta 9.

## 1.9. Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim

Ciallaíonn airgead tirim airgead ar láimh agus airgead atá i dtaisce in institiúidí airgeadais agus atá inaisíochta gan phionós ar fhógra nach faide ná 24 uair an chloig. Is infheistíochtaí an-leachtacha iad coibhéisí airgid thirim atá in-chomhshóite go héasca chuig méideanna aitheanta d'airgead tirim agus lena mbaineann riosca neamhshuntasach go dtiocfar athrú ar a luach. Féach Nóta 10.

### 1.10. Idirbhearta neamh-airgeadais

Mar chuid de chomhaontuithe a rinneadh le tríú páirtithe i ndáil le saincheisteanna pírite, féadfaidh an Ghníomhaireacht seirbhísí a fháil ó pháirtithe den sórt sin gan íocaíocht ón nGníomhaireacht. Aithníonn an Ghníomhaireacht seirbhísí den sórt sin nuair a fhaightear iad mar ioncam agus mar chostas araon. Féach Nóta 3(b) agus 4(b).

### 1.11. Suimeanna iníochta

Tomhaistear méideanna iníochta gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt. Tá réamh-mhaoiniú a thug Údarás Áitiúla agus DCEDIY don Ghníomhaireacht chun stoc Tithíochta a cheannach ina seilbh freisin. Aistríonn Údarás Áitiúla/DCEDIY na cistí sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta le haghaidh ionaid réadmhaoine ar mian leo a fháil. Coinníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta na cistí go dtí go gceannaítear ionaid réadmhaoine. Taispeántar na méideanna seo mar shuimeanna iníochta. Féach Nóta 11.

### 1.12. (a) Sochair Scoir

Le hAlt 7 (8) d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 264 de 2012, rinneadh foráil maidir le scéim aoisliúntais a bhunú don Ghníomhaireacht. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim sochair shainithe (an phríomhscéim) a mhaoinitear ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na foirne agus na gcomhaltaí. Tá an scéim á hoibriú ar bhonn riaracháin go dtí go gceadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Léiríonn costais sochair scoir na sochair scoir a thuilleann fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí sochair scoir foirne arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear sochair scoir mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a íoc.

Oibríonn an Ghníomhaireacht Tithíochta Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Phoiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí in aois an phinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí ó bhail na scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha don dá scéim a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí sochair scoir na Gníomhaireachta Tithíochta agus aon mhaoiniú gaolmhar agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair na sochar scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach agus an modh creidmheasa aonaid réamh-mheasta á úsáid.

### 1.12. (b) Sochair Scoir - GNF

D'oibríodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta (GNF) scéim pinsin sochair sainithe maoinithe. Ar threoracha ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ceapadh an Ghníomhaireacht Tithíochta mar an phríomheagraíocht chun scéim pinsin na GNF a riar, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an scéim d'iarfhostaithe de chuid na GNF dúnta d'iontrálaithe nua. Léiríonn na toimhdí agus na meastacháin a úsáideadh chun an costas don bhliain airgeadais, an oibleagáid sochair shainithe agus luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana airgeadais a ríomh, léiríonn siad taithí stairiúil agus treochtaí reatha.

Aithníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta costais ioncaim agus sochair scoir don bhliain sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus aithnítear gluaiseachtaí achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Aisíoctar íocaíochtaí sochair scoir a dhéanann an Ghníomhaireacht Tithíochta le baill na scéime ón gciste pinsin. (féach Nóta 13.2). Is ionann sócmhainn na GNF agus luach cóir an chiste infheistíochta atá i seilbh na n-iontaobhaithe agus is ionann an dliteanas scoir agus glanluach reatha theidlíochtaí bhaill na scéime amach anseo arna ríomh ag achtúire neamhspleách. Ar an 1 Deireadh Fómhair 2018, luacháladh sócmhainní na scéime ag €12,784,000 agus luacháladh an dliteanas ag €8,366,000. Léirítear sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022 an tsócmhainn ag €10,948,000 agus an dliteanas ag €5,645,000.

### 1.13. Cúlchiste Caipitil

Léiríonn an Cúlchiste Caipitil (a) an chuid den ioncam neamh-amúchta a chuirtear i bhfeidhm chun críocha caipitil. Maoinítear sócmhainní seasta ó ioncam deontais agus déantar iad a amúchadh de réir dímheasa agus (b) aistriú na nglansócmhainní ó Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Teo.), ón nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta Teoranta (GNF) agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall chuig an nGníomhaireacht Tithíochta le haghaidh breithníú Nialais sa bhliain 2013. Déantar na luachanna sócmhainne a aistriú mar seo a leanas,

GNF	€741,501,
HSC Teo.	€1,202,607,
Údaráis Áitiúla	€37.

Rinneadh é seo faoi threoir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) ar a dtugtar anois an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

#### **1.14. Airgeadra**

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

#### **1.15. Cuidiú le hÚdaráis Áitiúla tithíocht a cheannach**

Gníomhaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta thar ceann Údaráis Áitiúla agus DCEDIY chun ionaid réadmhaoine a fháil. Aithníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta nó an ÚÁ/DCEDIY ionaid réadmhaoine oiriúnacha agus tugtar cead chun iad a cheannach. Nuair a bhíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta réidh chun ionad réadmhaoine a cheannach, tugann an ÚÁ/DCEDIY réamh-mhaoiniú di chun go mbeidh an t-airgead aici le híoc as. Féach Nóta 3(d), 4(d) agus 11.

#### **1.16. Socraíochtaí Piríte**

Aithnítear socraíochtaí a dhéantar faoin Scéim um Leasúchán Piríte mar ioncam agus mar chaiteachas araon sna ráitis airgeadais. Féach Nóta 3(b) agus 4(b).





### 1.17. Costais Dlí

Déantar costais dlí a eascraíonn as caingne a rinne an Gníomhaireacht Tithíochta thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte a ghlanluacháil i gcoinne aon socraíochtaí a fhaightear. Taifeadtar costais dlí a bhaineann le ceannach réadmhaoine faoin bhfo-cheannteideal iomchuí inar tabhaíodh an caiteachas. Taifeadtar gach costas dlí eile faoi chostais oibríochtúla na Gníomhaireachta Tithíochta.

### 1.18. Iasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais (CREL)

Déantar iasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais (CREL) a rangú mar iasachtaí Lamháltais um Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) Sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha atá sna hiasachtaí lamháltais le híocaíochtaí socraithe nó inchinntithe agus ní luaitear sa mhargadh gníomhach iad. Déantar iad ag ráta úis atá thíos faoin ráta margaidh atá coigeartaithe le haghaidh riosca.

De réir Alt 34 de FRS102, bíonn iasachtaí lamháltais sochair phoiblí á bhfeidhmiú ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Déantar na hiasachtaí lamháltais seo a thaifeadadh ag luach cóir ar dtús agus ansin déantar an iasacht lamháltais a choigeartú sna blianta ina dhiaidh sin chun ús iníochta nó infhála ar bith atá fabhráithe a léiriú.

Déantar athbhreithniú ar iasachtaí lamháltais PBE ar bhonn bliantúil féachaint an bhfuil comharthaí bearnaithe iontu bunaithe ar stair aisíocaíochta an deontaí agus ar dhearcadh na bainistíochta ar inbhailitheacht an fhéich. Aithnítear foráil shonrach sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim Áirithithe sa chás go bhfuil amhras ann faoi aisíoc an fhéich. Níl athbhreithniú bearnaithe déanta go fóill i gcás iasachtaí CREL toisc gur iasachtaí nua iad seo, ach tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht Tithíochta na hathbhreithnithe seo a dhéanamh ar dháta amach anseo. Cuirtear iasachtaí lamháltais PBE san áireamh de réir na n-alt 34.89 – 34.97 de FRS102. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i Nótaí 1.1 agus 12.

## 2. Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla agus beartais chuntasaíochta agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta meastacháin á gcur i bhfeidhm

Éilítear in ullmhú na ráiteas airgeadais go ndéanann an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an ráitis ar staid airgeadais agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

## Saolta Úsáideacha Sócmhainní Inláimhsithe

Ll éard atá i sócmhainní fadsaolacha go príomha foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh ríomhaireachta. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar shaolta measta gach cineál sócmhainne agus, in imthosca áirithe, ar luachanna iarmharacha measta. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar na saolta úsáideacha seo agus athraíonn sé iad más gá, chun na dálaí reatha a léiriú. Agus na saolta úsáideach seo á gcinneadh, déanann bainistíocht machnamh ar athrú teicneolaíochta, patrúin úsáide, riocht fisiceach agus úsáid eacnamaíoch ionchasach na sócmhainní. D'fhéadfadh athruithe ar na saolta úsáideacha tionchar suntasach a bheith acu ar an muirear dímheasa don bhliain airgeadais.

## Bearnú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnaithe aon uair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas bearnaithe don mhéid lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid inghnóthaithe. Is é an méid inghnóthaithe an ceann is airde den luach cóir sócmhainne lúide costas le díol agus an luach in úsáid. D'fhonn bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leithligh ann ina leith (aonaid ghiniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamh-airgeadais a raibh bearnú ag baint leo maidir le haisiompú féideartha den bhearnú ag gach dáta tuairiscithe.

## Athluacháil Talún faoin Scéim Comhiomlánaithe

Meastar gur breithiúnas suntasach é luach na talún faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún. Tugann luachálacha tuairim neamhspleách ar an luach margaidh ar dháta na tuairime. Ullmhaíodh na tuarascálacha i de réir an Ráitis Chleachtais agus an Ráitis Treorach a bhí ar fáil i gCaighdeáin Dhomhanda Luachála RICS 2020/Caighdeáin Luachála. Is é €72 an tsuim ghlanluacha a bheadh aitheanta dá mba rud é gur iompraíodh na sócmhainní ag múnla an chostais stairiúil.

## An Scéim um Leasúchán Piríte

Meastar gur breithiúnas suntasach é an gealltanais €62 milliún faoin Scéim um Leasúchán Piríte agus tá sé bunaithe ar réamh-mheastachán mionsonraithe cúig bliana don scéim.

## Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhcháí, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta costas cúram sláinte) a nuashonrú gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíoch reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna sochair scoir agus iar-scoir.

D'fhéadfadh na nithe a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- i. An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán
- ii. Leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh amach anseo.

### An Ciste um Cheannach Talún

Léirítear ioncam a fhaightear faoin gciste mar Chúlchiste sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais agus léirítear é sa Ráiteas ar Athruithe ar Chaipiteal agus ar chúlchistí i gcomhréir le FRS 102.6.

### Iasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais (CREL)

Níl athbhreithniú bearnaithe déanta go fóill i gcás iasachtaí CREL toisc gur iasachtaí nua iad seo, ach tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht Tithíochta na hathbhreithnithe seo a dhéanamh ar dháta amach anseo.

## 3. Ioncam

(a) An Gníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil	Nóta	2022 €	2021 €
Deontas an Oireachtais (Vóta 34 – Fochéann A.23)	3.1	10,294,002	9,456,250
<i>lúide ranníocaíochtaí scéime aonair san earnáil phoiblí</i>		(166,127)	(151,807)
Ioncam Táille	3.2	513,145	510,559
Aisghabhálacha ó Chomhlachtaí Stáit	3.3	1,057,469	888,316
Ioncam Cíosa	3.4	62,075	61,449
Ioncam Eile		22,541	16,167
Costais Tionscadal Taighde	3.5	55,900	36,833
Aisghabháil ó ÚRCCT	3.6	85,779	132,162
Ús Iasachta CREL	3.7	222,442	16,630
Maoiniú ó DHLGH - DCBS	3.8	67,000	-
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	13	2,874,000	1,697,000
		15,088,226	12,663,559

**3.1.** Deontas Oireachtais a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

**3.2.** Is ionann ioncam ó tháillí agus muirir ar chliaint (údaráis áitiúla nó comhlachtaí stáit eile) maidir le seirbhísí a dhéanann an Gníomhaireacht Tithíochta.

**3.3.** Is ionann ioncam ó chomhlachtaí stáit agus aisghabhálacha d'fhoireann ar iasacht agus costais a thabhaítear thar ceann comhlachtaí stáit. Áirítear leis an méid a leanas ó Vóta 34:

	2022 €	2021 €
Fochéann A14.1.1: CUR -Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas	272,918	225,142
Fochéann A3: CAP - Ceannacháin Athlámhe	35,768	119,596

- 3.4.** Cuimsíonn Ioncam Cíosa cíosanna a fuarthas i ndáil le Talamh Forbartha atá i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta.
- 3.5.** Cuimsíonn Costais Tionscadal Taighde tionscadal atá cómhaoinithe leis an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún.
- 3.6.** Chuireadh an Ghníomhaireacht Tithíochta seirbhísí riaracháin ar fáil thar cheann an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) agus tháinig deireadh leis sin sa bhliain 2022.
- 3.7.** ús ar iasachtaí CREL (réamhiasachtaí a tugadh do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe)
- 3.8.** Maoiniú don scéim deontais um Bloic Choincréite Lochtacha a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Vóta 34 – Focheann A22.1).

<b>(b) An Scéim um Leasúchán Piríte</b>	<b>Nóta</b>	<b>2022</b>	<b>2021</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
Deontas an Oireachtais (Vóta 34 – Focheann A.22)	3.1	20,000,000	15,000,000
Foireann agus Seirbhísí Homebond	3.9	200,323	134,494
Ioncam Eile		60	-
		<u>20,200,383</u>	<u>15,134,494</u>

- 3.9.** Soláthraíonn HomeBond árachas in aghaidh lochtanna struchtúrach i dtithe nua agus tá comhaontú aige leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun foireann agus seirbhísí a chur ar fáil don Ghníomhaireacht ar luach suas le €2m. Measadh gurbh fhiú €200,323 luach na foirne agus na seirbhísí a soláthraíodh sa bhliain 2022 mar chuid den chomhaontú seo (2021: €134,494).

<b>(c) Fálacha – Ciste Imrothlach</b>	<b>Nóta</b>	<b>2022</b>	<b>2021</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
Díolacháin Ionad Réadmhaoine an Chiste Imrothlaigh	3.10	14,939,135	27,995,949
Ioncam Cíosa an Chiste Imrothlaigh		3,335	22,919
Ioncam Iomlán an Chiste Imrothlaigh		<u>14,942,470</u>	<u>28,018,868</u>

- 3.10.** Áirítear le díolacháin díolachán stoic tithíochta le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí tithíochta ceadaithe ar chostas móide costas aon oibreacha uasghrádaithe caipitil a cuireadh i gcrích.

<b>(d) Fálacha – Aisghabhálacha ó 3ú Páirtithe</b>	<b>Nóta</b>	<b>2022</b>	<b>2021</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
Aisghabhálacha ó Fháil Dhíreach	3.11	54,006	312,248
Fáil Dhíreach - Ioncam Eile		1,546	1,837
		<u>55,552</u>	<u>314,085</u>
DCEDIY - Cosaint Idirnáisiúnta	3.12	27,458	-
Ioncam Iomlán ó Fhálacha 3ú Páirtí		<u>83,010</u>	<u>314,085</u>
<b>3.11.</b> Áirítear leis an méid a leanas ó Vóta 34:			
Focheann A3: Tithíocht Údaráis Áitiúil		<u>35,768</u>	<u>91,824</u>

- 3.12.** Seasann DCEDIY don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

## 4. Caiteachas

<b>(a) An Ghníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil</b>	<b>Nóta</b>	<b>2022</b>	<b>2021</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
Costais Fostaíochta	5	7,430,363	6,898,800
Costais Riaracháin Oifige	6	2,634,902	1,738,350
Táillí Dlí agus Gairmiúla	7	1,984,689	1,630,487
Dímheas	8	276,410	173,207
Costais Sochair Scoir - An Ghníomhaireacht Tithíochta	13.1	2,828,000	1,586,000
		<u>15,154,364</u>	<u>12,026,844</u>

<b>(b) An Scéim um Leasúchán Piríte</b>	<b>Note</b>	<b>2022</b>	<b>2021</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
Costais Riaracháin Oifige		36,220	36,490
Táillí Dlí agus Gairmiúla		6,184	62,823
Íocaíochtaí Úinéirí Tithe		1,451,993	1,214,508
Bainisteoirí Tionscadal Tógála		826,349	903,289
Conraitheoirí Oibre		17,613,890	13,141,254
Foireann agus Seirbhísí Homebond		200,323	134,494
		<u>20,134,959</u>	<u>15,492,858</u>

Riarann an Ghníomhaireacht an Scéim um Leasúchán Piríte a tháinig i bhfeidhm ar an 13 Feabhra 2014. Tá €171.9 milliún faighte ag an nGníomhaireacht Tithíochta ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht go dtí seo chun an scéim a riar. Tá íocaíochtaí de €172.09 milliún déanta ag an nGníomhaireacht agus ina theannta sin thabhaigh sí costais phá agus thuarastail de €4.53m i leith na mball foirne a sannadh chun an scéim a riar, suas go dtí an 31 Nollaig 2022. Níl costais sochair scoir a ríomhtar don Ghníomhaireacht ina n-iomláine san áireamh thuas.

(c) Fálacha – Ciste Imrothlach	Nóta	2022 €	2021 €
Caiteachas Trádála an Chiste Imrothlaigh			
Stoc Tosaigh		30,219,254	46,059,645
Éarlaisí Íochta & Ceannach Ionad Réadmhaoine		7,861,250	11,078,000
Feabhsúcháin ar Fhoirgnimh		676,871	1,513,558
Aisíocaíochtaí ó Ionaid Réadmhaoine Neamh-Imeachta		(560,250)	(436,000)
Stoc Deiridh		(23,257,990)	(30,219,254)
		<u>14,939,135</u>	<u>27,995,949</u>
Costais eile	4.1	<u>263,939</u>	<u>468,497</u>
		<u>15,203,074</u>	<u>28,464,446</u>

#### 4.1 Costais eile

Cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht Tithíochta tithíocht folamh a fháil le haghaidh úsáid tithíochta sóisialta faoin bPlean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine. Is é ról na Gníomhaireachta ina leith seo plé le bainc, le hinfheisteoirí, agus le húinéirí ionchasacha eile ar leo líon mór ionaid réadmhaoine chun ionaid réadmhaoine a fháil ar bhonn náisiúnta agus iad seo a dhiúscairt ar chostas do chomhlachtaí tithíochta agus d'údaráis áitiúla.

Cuirtear maoiniú don cheannach ar fáil trí dheontas imrothlach suas le €76 milliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Caitear leis an deontas mar mhaoiniú fadtéarmach agus cuirtear san áireamh é sa Chúlchiste um Fháil Réadmhaoine sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Tá na figiúirí agus na huimhreacha stoic a thaispeántar thíos bunaithe ar idirbhearta airgeadais a cuireadh i gcrích faoi dheireadh na bliana 2022. Tá na huimhreacha a thaispeántar i dtuairisc na tuarascála bliantúla bunaithe ar na socruithe tuairiscithe arna mbunú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Ciste Imrothlach na bhFálacha	2022 €	2021 €
Costais Ceannaigh, Díolacháin, Sealbhaíochta agus Dí	238,101	299,590
Luachálacha Réadmhaoine	18,339	38,643
Árachas	71,806	68,917
Cigireachtaí Réadmhaoine	17,131	33,203
Cáin Mhaoine Áitiúil	22,110	9,555
Comhairle Gairmiúil	-	4,551
Muirir Sheirbhíse	117,505	137,909
Seirbhísí Slándála	916	2,323
Costais Ilghnéitheacha	21,231	167
Aisíocaíochtaí Costais	(147,200)	(126,501)
Muirir Bhainc	4,224	140
Ioncam Úis ar éarlaisí a choimeádtar	(44,335)	-
Gluaiseacht sa soláthar in aghaidh Drochfhiach	(55,889)	-
	<u>263,939</u>	<u>468,497</u>

## 4. Caiteachas (ar lean.)

Caiteachas Trádála de réir Líon na dTithe	2022	2021
Stoc Tosaigh	140	233
Ceannacháin (Ionaid Réadmhaoine Mhaoinithe)	33	45
Ceannacháin (Ionaid Réadmhaoine Aisíoctha)	(2)	(2)
Díolacháin	(69)	(136)
Stoc Deiridh	<u>102</u>	<u>140</u>

(d) Fálacha – Costais 3ú Páirtí a Tabhaíodh	Nóta	2022	2021
		€	€
Fálacha Díreacha	4.1	55,137	313,260
DCEDIY	4.2	<u>27,170</u>	<u>-</u>
		<u>82,307</u>	<u>313,260</u>

**4.2.** Tugtar Caiteachas ar Fhálacha Díreacha ar chaiteachas a bhaineann leis na hionaid réadmhaoine a fhaightear thar ceann Údaráis Áitiúla. Tá na costais seo ar leithligh ón luach ceannaigh agus sa bhreis air sin agus faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta na costais seo ar ais níos déanaí. Chuidigh an Ghníomhaireacht Tithíochta le ceannach 9 n-ionad réadmhaoine thar ceann Údaráis Áitiúla, le linn na bliana (2021: 63).

Fálacha Díreacha	2022	2021
	€	€
Costais Dlí agus Eisíocaíocht	40,187	188,203
Cáin Mhaoine Áitiúil	2,592	6,036
Muirir Sheirbhíse	2,655	16,841
Luachálacha	6,681	76,560
Táillí Cigireachta	1,292	25,354
Costais Slándála	-	242
Táillí Bainc	(3)	24
Úschostas	233	-
Costais Chúiréireachta	1,500	-
Fálacha Díreacha (Costas Iomlán)	<u>55,137</u>	<u>313,260</u>

## 4. Caiteachas (ar lean.)

### 4.3. Cuidiú le hÚdaráis Áitiúla Tithíocht a Cheannach

Feidhmíonn an Gníomhaireacht Tithíochta mar phointe lárnach d'eagraíochtaí iomadúla maidir le hionaid réadmhaoine a cheannach ó ghlacadóirí/iasachtóirí. Aithníodh ionaid réadmhaoine oiriúnacha ó na punanna agus cheadaigh údaráis áitiúla ceannach na n-ionad réadmhaoine ábhartha. Chuir na húdaráis áitiúla na cistí ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus ansin úsáideadh na cistí ábhartha chun íoc as na hionaid réadmhaoine sna punanna ábhartha. Cheannaigh an Gníomhaireacht Tithíochta tithe ar an mórchoír ó institiúidí iasachta thar ceann Údaráis Áitiúla ar fud na tíre sa bhliain 2022. Ní leis an nGníomhaireacht Tithíochta an stoc tithíochta sin. Tugtar breac-chuntas thíos ar na hidirbhearta faoin gclár:

	Note	2022 €	2021 €
Iarmhéid tosaigh na gcistí		456,500	6,572,484
Maoiniú a fuarthas		2,628,700	9,700,505
Ceannacháin		(2,920,700)	(15,816,489)
Iarmhéid deiridh den mhaoiniú a fuarthas	11	164,500	456,500
Cúlchnap i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta		16,160	71,546
Cistí na bhFálacha Díreacha	10	180,660	528,046

### 4.4 Gníomhaíocht um Fháil thar ceann DCEDIY

Déanann an Gníomhaireacht Tithíochta ionaid réadmhaoine a aimsiú thar ceann DCEDIY Chuidigh an Gníomhaireacht Tithíochta le ceannach 35 ionad réadmhaoine thar ceann DCEDIY, le linn na bliana.

Árachas - DCEDIY	27,153	-
Táillí Bainc - DCEDIY	17	-
Costas Iomlán - DCEDIY	27,170	-

**4.4.1.** Thug DCEDIY réamh-mhaoiniú don Gníomhaireacht Tithíochta agus ansin úsáideadh na cistí cuí chun íoc as na hionaid réadmhaoine.

Éadálacha Díreacha	Nóta	2022 €	2021 €
Iarmhéid tosaigh na gcistí		-	-
Maoiniú a fuarthas		4,623,500	-
Ceannacháin		(4,544,500)	-
Iarmhéid deiridh den mhaoiniú a fuarthas	11	79,000	-
Cúlchnap i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta		289	-
Cistí na bhFálacha Díreacha	10	79,289	-



## 5.5. Costais Fostaíochta Oibríochtúla GT

	Note	2022	2021
		€	€
Pá agus Tuarastail - Foireann na Gníomhaireachta Tithíochta		6,829,312	6,267,793
Pá agus Tuarastail - Foireann Piríte		600,905	631,007
		<u>7,430,217</u>	<u>6,898,800</u>

Líon na bhFostaithe	2022	2021
Meánlíon na bhfostaithe	<u>120</u>	<u>118</u>
Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise	2022	2021
	€	€
Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise	<u>166,273</u>	<u>154,670</u>

Asbhaineadh Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) de réir riachtanais reachtúla. Asbhaineadh €166,127 (2021: €154,670) den RAB sa bhliain 2022 agus choinnigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta é.

### Díolaíochtaí na gComhaltaí Boid

	2022	2021
	€	€
<b>Bord na Scéime um Leasúchán Piríte</b>		
Alec Flood	-	-
Jack Keyes	2,200	4,200
Karen Dillon	-	6,734
Kevin McCrave	400	-
Lydia Bunni	2,000	2,600
Pierce O'Donnell	1,000	1,800
John Tiernan	600	-
John O'Connor	200	-
<b>Bord na Gníomhaireachta Tithíochta</b>		
David Duffy	7,695	11,543

Baineann na suimeanna sin thuas le costais agus le táillí a tabhaíodh ón mBord um Leasúchán Piríte agus ó Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta.

## 5. Costais Fostaíochta Oibríochtúla GT (ar lean.)

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

	2022	2021
	€	€
Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh	<u>150,448</u>	<u>136,313</u>

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €136,313 san iomlán sa bhliain 2021. Chuimsigh na híocaíochtaí sin an €95,038 a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach a bhí ag éirí as oifig agus an íocaíocht tuarastail €41,274 a fuair an Príomhfheidhmeannach nua. Tá pinsean an Phríomhfheidhmeannaigh mar chuid de shamhail na Gníomhaireachta Tithíochta de scéim aoisliúntais shainithe na hearnála poiblí.

### Sochair Foirceanta

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta le linn na bliana.

### Sochair Ghearrthéarmacha

Níor íocadh aon sochar gearrthéarmach amhail ragobair nó liúntais le linn na bliana.

### Príomhphearsanra Bainistíochta

	2022	2021
	€	€
Tuarastal	<u>534,931</u>	<u>529,442</u>

Áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na Príomhoifigigh mar phríomhphearsanra bainistíochta sa Gníomhaireacht Tithíochta. Tá luach iomlán na sochar fostaithe maidir le príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thuas.

Ní chuimsíonn sé seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is baill de scéim pinsin na Gníomhaireachta Tithíochta an príomhphearsanra bainistíochta agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí ina leith sin níos mó ná téarmaí na scéime samhla pinsin seirbhíse.

## 6. Costais Riaracháin Oifige Oibríochtúla GT

	Nóta	2022	2021
		€	€
Cíos Iníoctha		145,563	120,000
Rátaí		1,242	876
Árachas		95,542	82,236
Solas agus Teas		59,017	25,646
Costais Áitreabh agus Cothabhála	6.1	341,417	108,575
Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide	6.2	492,872	266,174
Priontáil, Postas agus Páipéarachas		63,721	68,274
Cumarsáid		230,883	106,928
Comhdhálacha, Cruinnithe agus Seimineáir		84,420	24,311
Muirir Bhainc		14,862	1,624
Costais Ginearálta		123	3,643
Costais Inghnóthaithe		429,039	523,868
Oiliúint agus Earcaíocht	6.3	586,775	297,676
Taisteal agus Cothú		73,967	48,072
Suibscríbhinní		15,459	27,886
An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (réamhbhunú)		-	32,561
		<u>2,634,902</u>	<u>1,738,350</u>

### 6.1. Costais Áitreabh agus Cothabhála

Tháinig méadú ar chostais áitreabh agus chothabhála mar gheall ar uasghrádú a rinneadh ar ár spás oifige chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus mar gheall ar fheabhsuithe ginearálta oifige chun freastal ar riachtanais an líon mhéadaithe d'fhostaithe a bhí ag filleadh ar obair san oifig.

### 6.2. Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

Méadú ar chostais a bhain leis an soláthraí seirbhíse sonraí seachfhoinsithe (Datapac) chomh maith le costais a bhain le hacmhainní breise TF a sholáthar dár n-oifigí chun tacú leis an líon méadaithe d'fhostaithe a bhí ag filleadh ar obair san oifig sa bhliain 2022, agus caiteachas ar bhogearraí chun cosaint ar bhagairtí TF, b'in iad na nithe ba chúis leis an méadú ar chostais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.

### 6.3. Oiliúint agus Earcaíocht

Méadú ar an oiliúint a cuireadh ar an bhfoireann agus ar bhaill na nÚdarás Áitiúil agus méadú ar fheachtais earcaíochta sheachtracha is cúis leis an méadú ar chostais oiliúna agus earcaíochta.

## 7. Táillí Dlí agus Gairmiúla Oibríochtúla GT

	Nóta	2022 €	2021 €
Táillí Gairmiúla		188,613	234,384
Táillí Dlí	7.1	248,693	89,819
Caiteachas Taighde	7.2	283,599	194,266
Cuntasaíocht		33,199	47,119
Iníúchadh Inmheánach		61,049	23,221
Iníúchadh		49,300	46,100
Luachálacha Talún agus Táillí Dlí as Bainistíocht Sócmhainní		109,801	52,913
Seirbhísí Gairmiúla agus Dlí d'Údaráis Áitiúla		240,730	189,186
Frithghealladh le haghaidh lasachtaí Soláthair Tithíochta		424,502	467,388
Costais Comhairliúcháin Tionscadal	7.3	336,455	210,302
Pleanáil Straitéiseach agus Cur Chun Feidhme		3,213	69,836
Mapáil agus Nósanna Imeachta Próisis		-	5,953
Seirbhísí Soláthair		5,535	-
		<u>1,984,689</u>	<u>1,630,487</u>

### 7.1. Táillí Dlí

Comhairle dlí maidir le scéimeanna (First Home, Croí Cónaithe agus tithíocht inacmhainne) ba chúis leis an méadú ar tháillí dlí sa bhliain 2022. Chomh maith leis sin, bhí aistriú talún ón nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta i gceist i rith na bliana.

### 7.2. Caiteachas Taighde

Tháinig méadú suntasach ar chaiteachas taighde sa bhliain 2022, ach is féidir cuid mhór de a aisghabháil. Ba iad 'Tithíocht Dhlúth', 'Tithíocht don Lucht Siúil' agus 'Cineálacha agus Dlús Tithíochta' na príomhábhair thaighde.

### 7.3. Costais Comhairliúcháin Tionscadal

Ualach oibre méadaithe agus gealltanais a thug an rannóg theicniúil maidir le tithíocht a sholáthar is cúis leis an méadú ar chostais comhairliúcháin tionscadal.

## 8. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Talamh Forbartha	Talamh faoin Scéim Comhiomlá naithe	Foirgnimh	Daingneáin, Feistis agus Trealamh	Trealamh Ríomhaire achta	Iomlán
<b>Costas</b>	€	€	€	€	€	€
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2022	1,406,247	57,086,572	5,001,764	152,867	445,668	<b>64,093,118</b>
Breiseanna ar Chostas	-	-	-	18,380	25,013	<b>43,393</b>
Athluachálacha	-	54,550	-	-	-	<b>54,550</b>
Diúscairtí	-	(907,511)	-	-	-	<b>(907,511)</b>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	1,406,247	56,233,611	5,001,764	171,247	470,681	<b>63,283,550</b>
<b>Dímheas</b>						
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2022	-	-	515,141	111,394	277,760	<b>904,295</b>
Dímheas don Tréimhse	-	-	100,035	42,825	133,549	<b>276,410</b>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	-	-	615,176	154,219	411,310	<b>1,180,705</b>
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>						
Amhail an 31 Nollaig 2022	1,406,247	56,233,611	4,386,587	17,027	59,372	<b>62,102,844</b>
<b>Costas</b>						
	€	€	€	€	€	€
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2021	1,406,247	51,217,548	4,973,255	136,373	386,987	<b>58,120,410</b>
Breiseanna ar Chostas	-	-	28,509	16,494	58,681	<b>103,684</b>
Athluachálacha	-	6,948,574	-	-	-	<b>6,948,574</b>
Diúscairtí	-	(1,079,550)	-	-	-	<b>(1,079,550)</b>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	1,406,247	57,086,572	5,001,764	152,867	445,668	<b>64,093,118</b>
<b>Dímheas</b>						
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2021	-	-	415,429	93,711	221,948	<b>731,088</b>
Dímheas don Tréimhse	-	-	99,712	17,683	55,812	<b>173,207</b>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	-	-	515,141	111,394	277,760	<b>904,295</b>
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>						
Amhail an 31 Nollaig 2021	1,406,247	57,086,572	4,486,623	41,473	167,908	<b>63,188,823</b>

## 8. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (ar lean.)

Talamh Forbartha - Gníomhaíocht	Nóta	2022	2021
Suíomhanna Tosaigh (Aistrithe/Diúscartha)	8.1	12 -	12 -
Suíomhanna Deiridh		<u>12</u>	<u>12</u>
<b>Scéim Comhiomlánaithe Talún - Gníomhaíocht</b>	<b>Nóta</b>	<b>2022</b>	<b>2021</b>
Suíomhanna Tosaigh (Aistrithe/Diúscartha)	8.2	62 (1)	65 (3)
Suíomhanna Deiridh		<u>61</u>	<u>62</u>

### 8.1. Talamh Forbartha - Gníomhaíocht

I rith na bliana, níor dhiúscair an Gníomhaireacht aon talamh forbartha.

### 8.2. Scéim Comhiomlánaithe Talún - Gníomhaíocht

Rinne an Gníomhaireacht ceithre láithreán a dhiúscairt, nó a dhiúscairt go páirteach i rith na bliana. Rinneadh láithreán amháin i Lios Uí Mhulláin, Contae na hIarmhí a dhiúscairt go páirteach ar chostas €75,000 agus rinneadh trí cinn eile i Muine Bheag, i nDroichead na Bandan agus ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín a dhiúscairt go páirteach ar chostas €200,020. Tá na suíomhanna le húsáid chun aonaid tithíochta sóisialta a thógáil. Bhí luach anonn €3.55m ar na láithreáin seo sula ndearnadh iad a dhiúscairt. Bhí luach anonn €2.7m ar na láithreáin seo tar éis iad a dhiúscairt go páirteach.

### 8.3 Bearnú

Níor aithníodh aon bhearnú sócmhainní le linn na bliana 2022.

## 9. Infháltais

	2022	2021
	€	€
Féichiúnaithe	194,248	208,869
Réamhíocaíochtaí	148,463	113,790
Féichiúnaithe Eile	21,595	92,208
Obair Leanúnach	167,841	292,079
Ioncam Fabhráithe - Aisghabháil Táillí ó CTCanna	117,209	-
	<u>649,356</u>	<u>706,946</u>

## 10. Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim

	Nóta	2022 €	2021 €
Cistí Fála		44,378,345	37,749,524
An Scéim um Leasúchán Piríte		1,220,748	1,089,336
Airgead a choinnítear thar ceann Údaráis Áitiúla	4.3	180,660	528,046
Airgead a choinnítear ar iontaobhas thar ceann DCEDIY	4.4	79,289	-
An Ghníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil		6,863,395	5,916,037
An Ciste um Cheannach Talún - GBCN	10.1	125,000,000	-
		<u>177,722,437</u>	<u>45,282,943</u>

Coinnítear an t-airgead tirim agus na coibhéisí airgid thirim atá liostaithe thuas i gcuntais bainc tráchtála, agus mar éarlaisí gearrthéarmacha leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus le GBCN.

**10.1 An Ciste um Cheannach Talún** – Ag cruinniú ar an 15 Samhain 2022, tháinig an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus an Rialtas ar chomhaontú maidir le maoiniú de chuid acmhainní reatha na Roinne Tithíochta a leithdháileadh. Thug an tAire le fios don Rialtas go bhfuil €125m á leithdháileadh chun ciste um cheannach talún a bhunú faoin nGníomhaireacht Tithíochta. Úsáidfean an t-airgead sa chiste seo go sonrach chun talamh a cheannach le haghaidh soláthar tithíochta sóisialta.

## 11. Suimeanna Iníochta

	Nóta	2022 €	2021 €
Méideanna Iníochta Trádála		(188,345)	(83,383)
Méideanna Iníochta Eile		(171,159)	(1,658)
Fabhruithe		(1,324,487)	(1,046,887)
ÍMAT/ÁSPC		(311,434)	(257,896)
Cáin Bhreisluacha		(526,041)	(471,201)
Cáin Shiarchoinneálach		(46,465)	(98,186)
Airgead a choinnítear thar ceann Údaráis Áitiúla	4.3	(164,500)	(456,500)
Airgead a choinnítear ar iontaobhas thar ceann DCEDIY	4.4	(79,000)	-
Ranníocaíocht Pinsin		(393,416)	(393,416)
Ioncam larchurtha		(7,173)	(7,234)
lasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais Inaisíochta (Vóta 34 - Fotheideal A.28)	12	(60,126,334)	(9,252,854)
		<u>(63,338,354)</u>	<u>(12,069,215)</u>
		<b>2022</b> €	<b>2021</b> €
Le híoc laistigh de bhliain amháin		(3,212,020)	(2,816,361)
Le híoc tar éis bliain amháin		<u>(60,126,334)</u>	<u>(9,252,854)</u>
		<b>(63,338,354)</b>	<b>(12,069,215)</b>

## 12. Iasachtaí Lamháltais um Eintiteas Sochair Phoiblí

Rinneadh an tAcht um Thithíocht Inacmhainne, 2021 a shíniú ina dhlí sa bhliain 2021 lenar tugadh cumhachtaí don Gníomhaireacht Tithíochta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar riar na socruithe iasachtaí le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe faoin scéim iasachta ar Chothromas Cíos de réir Costais. Déanann an Gníomhaireacht Tithíochta maoirseacht ar riar na socruithe iasachta, dréachtú an tSocraithe le haghaidh iasacht ar Chothromas Cíos de réir Costais (“CREL”) san áireamh, agus déanann sí bainistiú ar an dícheall cuí ar gach moladh go dtí go sínítear an iasacht CREL.

Rangaítear iasachtaí CREL mar iasachtaí lamháltais sochair phoiblí i.e. iasachtaí a bhronntar d’fhonn cuspóirí an eintitis sochair phoiblí a chur chun cinn. Ní féidir na hiasachtaí seo atá eisithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta chuig Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a aisíoc ar éileamh agus ceadaítear iad ar ráta úis atá faoi bhun an ghnáth-ráta margaidh nó ceadaítear iad saor ó ús. Maireann iasachtaí CREL ar feadh 40 bliain agus bíonn ráta úis shimplí 1% acu. Is gá an tsuim a aisíoc ag deireadh an téarma. Déantar iasachtaí CREL a dhaingniú mar dhara táille i gcoinne an ionad réadmhaoine ábhartha faoi réir comhaontaithe tosaíochta le hiasachtóir sinsearach.

Bhí na hiasachtaí lamháltais seo a leanas á choinneáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta ag deireadh na bliana:

	2022	2021
	€	€
CREL iomlán a faomhadh	71,547,836	11,198,283
Méid iomlán a cuireadh ar fáil roimh ré	60,126,334	9,252,854
Ús fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2022	239,072	16,630
Méid iomlán infhála	<u>60,365,406</u>	<u>9,269,484</u>
Infhála laistigh de bhliain amháin	-	-
Infhála tar éis bliain amháin	<u>60,365,406</u>	<u>9,269,484</u>
Gealltanais iasachta nach bhfuil tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2022	<b><u>11,421,502</u></b>	<b><u>1,945,429</u></b>



## 13. Sochair Scoir

### 13.1 Scéim Aoisliúntais agus SPS

Oibríonn an Gníomhaireacht Tithíochta scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamhchistithe don fhoireann. Is iad na scéimeanna (i) Roimh 1 Aibreán 2004 - Iontrálaí Neamh-Nua, (ii) Tar Éis 1 Aibreán 2004 - Iontrálaí Nua, agus (iii) Tar Éis 1 Eanáir 2013 - Scéim Pinsin Aonair. Tá a téarmaí agus coinníollacha gaolmhara féin ag gach scéim pinsin maidir le haois scoir agus le ríomh pinsin agus cnapshuime. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoi na scéimeanna as an ioncam reatha agus gearrtar iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, glan ó ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain ina mbíonn siad iníochta.

### 13.2 Scéim GNF

Is í an Gníomhaireacht Tithíochta an phríomheagraíocht a riarann scéim GNF ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 i leith. Aistríodh scéim sochar scoir na GNF chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Is scéim pinsin mhaoinithe í Scéim GNF arna bhainistiú ag an nGníomhaireacht.

### Torthaí Sochair Scoir

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith baill foirne de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta a bhí fostaithe, éirithe as nó éagtha amhail an 31 Nollaig 2022. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críocha an chaighdeáin chuntasaíochta Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais - Sochair Scoir (FRS 102).

Meán-Ionchas Saoil a Úsáidtear chun Dliteanais a Chinneadh	2022	2021
	Years	Years
Fear 65 bliain d'aois	22	22
Bean 65 bliain d'aois	24	24

## 13. Sochair Scoir (ar lean.)

### 13.1 Scéim Aoisliúntais agus SPS

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>Caiteachas</b>			
Costais Seirbhíse Reatha		2,828,000	1,577,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin		186,000	158,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe		(186,000)	(149,000)
Costais Iomlána Pinsin		<u>2,828,000</u>	<u>1,586,000</u>

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>Maoiniú Sochair Scoir larchurtha</b>			
Maoiniú Tosaigh larchurtha		20,818,000	17,724,000
Maoiniú larchurtha		2,874,000	1,697,000
Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha	13.1.1	(7,368,000)	1,397,000
<b>Maoiniú Deiridh larchurtha</b>		<u>16,324,000</u>	<u>20,818,000</u>

#### Glanmaoiniú larchurtha Aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Costais sochair		3,014,000	1,735,000
Sochair a íocadh sa tréimhse		(140,000)	(38,000)
		<u>2,874,000</u>	<u>1,697,000</u>

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>Dlíteanas Sochair Scoir</b>			
Dlíteanas Tosaigh Scéime		(20,818,000)	(17,724,000)
Costas Seirbhíse Reatha		(2,828,000)	(1,577,000)
Costas Úis		(186,000)	(158,000)
Sochair a íocadh sa tréimhse		140,000	38,000
Athrú i dtoimhdí achtúireacha	13.1.1	-	-
(Cailteanais)/Gnóthacháin ó thaithí	13.1.1	7,368,000	(1,397,000)
<b>Dlíteanas Deiridh Scéime</b>		<u>(16,324,000)</u>	<u>(20,818,000)</u>

#### 13.1.1 (Cailteanais)/Gnóthacháin achtúireacha

	Nóta	2022 €	2021 €
Athrú i dtoimhdí achtúireacha		-	-
(Cailteanais)/Gnóthacháin ó thaithí		7,368,000	(1,397,000)
(Cailteanas)/Gnóthachán achtúireach		<u>7,368,000</u>	<u>(1,397,000)</u>
Céatadán na nDlíteanas Scéime		45.14%	6.71%
Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha		(7,368,000)	1,397,000

### 13. Sochair Scoir (ar lean.)

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh ná:

Modh Luachála	2022	2021
Ráta Lascaine	0.90%	0.90%
Ráta Méadaithe i dTuarastail	2.40%	2.40%
Méadú sa Phinsean Stáit amach anseo	2.40%	1.90%
Méaduithe Pinsin amach anseo	2.40%	2.40%
Boilsciú	1.90%	1.40%

#### 13.2 Scéim Sochair Scoir - GNF

Costas Sochair Scoir	2022	2021
	€	€
Costais Seirbhíse Reatha	-	-
Glanchoistas Úis	(53,000)	(34,000)
Costas Riaracháin	62,000	45,000
Ioncam Iomlán Pinsin	<u>9,000</u>	<u>11,000</u>

Sócmhainní na Scéime Sochair Scoir	2022	2021
	€	€
Luach Cóir tosaigh na sócmhainní Scéime	13,952,000	13,773,000
Ioncam Úis	123,000	77,000
Sochair a íocadh	(596,000)	(520,000)
Costais riaracháin a íocadh ó shócmhainn	(62,000)	(45,000)
Fáltas ar shócmhainní plean (gan ús a áireamh)	13.2.1 (2,469,000)	667,000
Luach Cóir deiridh na sócmhainní Scéime	13.2.2 <u>10,948,000</u>	<u>13,952,000</u>

Dlíteanas Sochair Scoir	2022	2021
	€	€
Dlíteanas Tosaigh Scéime	(7,853,000)	(7,720,000)
Costas Seirbhíse Reatha	-	-
Costas Úis	(70,000)	(43,000)
Sochair a íocadh	596,000	520,000
Athrú i dtoimhdí achtúireacha	13.2.1 -	-
Gnóthachain/Caillteanas ó thaithí	13.2.1 <u>1,682,000</u>	<u>(610,000)</u>
Dlíteanas Deiridh Scéime	<u>(5,645,000)</u>	<u>(7,853,000)</u>

Glansochair Scoir	2022	2021
	€	€
Luach láithreach oibleagáidí sochair sainithe maoinithe	(5,645,000)	(7,853,000)
Luach cóir na sócmhainní scéime	<u>10,948,000</u>	<u>13,952,000</u>
Glansócmhainn / (dlíteanas)	<u>5,303,000</u>	<u>6,099,000</u>

## 13. Sochair Scoir (ar lean.)

### 13.2 Scéim Sochair Scoir - GNF (ar lean.)

#### 13.2.1. (Caillteanais)/Gnóthacháin achtúireacha

	2022	2021
	€	€
Athrú i dtuairimí achtúireacha	-	-
(Caillteanais)/Gnóthacháin ó thaithí	1,682,000	(610,000)
Fáltas ar shócmhainní plean (gan ús a áireamh)	(2,469,000)	667,000
(Caillteanas)/Gnóthachán achtúireach	<u>(787,000)</u>	<u>57,000</u>
Céatadán na nDlíteanas Scéime	-13.94%	0.73%

#### *Ba iad na príomhthoimhdí a úsáideadh ná:*

Modh Luachála	2022	2021
Ráta Lascaine	0.90%	0.90%
Ráta Méadaithe i dTuarastail	2.90%	2.90%
Boilsciú	1.90%	1.90%

#### 13.2.2. Luach Cóir Chomhdhéanamh Sócmhainní Plean

	2022	2021
	€	€
Airgead Tirim	547,000	167,000
Gnáthscaireanna	3,317,000	5,260,000
Bannaí	7,062,000	8,493,000
Eile	22,000	32,000
	<u>10,948,000</u>	<u>13,952,000</u>

#### 13.2.3. Luach Cóir Chomhdhéanamh Sócmhainní Plean mar %

	2022	2021
Airgead Tirim	5.00%	1.20%
Gnáthscaireanna	30.30%	37.70%
Bannaí	64.50%	60.87%
Eile	0.20%	0.23%

## 14. Comhaltaí Boird na Gníomhaireachta – Nochtadh Leasanna - An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht cloí leis na ceanglais agus na nósanna imeachta de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001. Chloígh an Gníomhaireacht leo siúd laistigh den tréimhse. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ina raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí na Gníomhaireachta.

## 15. Tiomantais

OTHar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, déanann an Gníomhaireacht Tithíochta feabhsúchán ar thithe a bhfuil tionchar piríte orthu. Faigheann an Bord um Réiteach Piríte éilimh faoin scéim um Réiteach Piríte. Mar chuid den scéim seo, déantar conarthaí oibre le comhairleoirí innealtóireachta agus tógála agus le hinnealtóirí sibhialta agus conraitheoirí tógála. Ina theannta sin, tá úinéirí tí ar glacadh lena n-áitribh sa scéim seo i dteideal caiteachais áirithe a fháil ar ais a thabhaíonn siad sula nglacadh leo sa scéim agus le linn na n-oibreacha feabhsúcháin.

Ní dhearnadh aon fhoráil sna cuntais maidir leis an dliteanas féideartha faoin scéim toisc gurb é polasaí an Bhoird costais éileamh a aithint de réir mar a cheadaítear iad. Meastar go mbeidh costas €62 milliún ag baint leis an scéim um leasúchán amach anseo. Tá sé seo bunaithe ar chostais réamh-mheasta do na 5 bliana atá le teacht, agus tá na gealltanais chonartha a luaitear thíos curtha san áireamh ann.

Bhí na gealltanais agus na hoibleagáidí conartha seo a leanas ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir leis an Scéim um Leasúchán Piríte (PRS) amhail an 31 Nollaig 2022.

	2022	2021
	€	€
<b>Comhairleoirí Tógála</b>		
Conarthaí Comhairleoirí Tógála amhail an 31 Nollaig	9,322,234	8,499,818
Íocaíochtaí ar Chuntas go 31 Nollaig	(8,614,027)	(7,787,678)
Tiomantais Chonartha do Chomhairleoirí amhail an 31 Nollaig	<u>708,207</u>	<u>712,140</u>

	2022	2021
	€	€
<b>Conraitheoirí Oibre</b>		
Conarthaí Conraitheoirí Oibreacha amhail an 31 Nollaig	165,533,224	138,254,855
Íocaíochtaí ar Chuntas go 31 Nollaig	(144,677,521)	(127,063,630)
Tiomantais Chonartha do Chonraitheoirí amhail an 31 Nollaig	<u>20,855,703</u>	<u>11,191,225</u>

Níl an Gníomhaireacht Tithíochta incháilithe le haghaidh CBL a aisghabháil agus, dá bhrí sin, tá CBL san áireamh sna méideanna go léir.

## 16. Tiomantais Léasa

Tá tiomantais ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le léas ar chóiríocht oifige ag 52 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Mairfidh an léas seo go ceann tréimhse 10 mbliana a thosaigh i mí an Mhárta 2019. Leagann an Gníomhaireacht Tithíochta amach sa tábla thíos a tiomantais mheasta i ndáil le híocaíochtaí bliantúla thar thréimhse an léasa:

	2022	2021
	€	€
Iníochta laistigh de bhliain	120,000	120,000
Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	480,000	480,000
Iníochta tar éis cúig bliana	140,000	260,000
	<u>740,000</u>	<u>860,000</u>

B'ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €120,000.

## 17. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

DNÍ raibh gá le nochtadh i leith aon idirbhearta páirtithe gaolmhara i rith na bliain.

Glacann an Gníomhaireacht Tithíochta nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le leasanna pearsanta comhaltaí Boird a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

## 18. Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe

An Scéim “Croí Cónaithe (Cathracha)” - Seoladh an Scéim “Croí Cónaithe (Cathracha)” i mí Mheán Fómhair 2021 agus tá sé i gceist go mbeidh sí ag teacht le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála Is ciste í an Scéim “Croí Cónaithe (Cathracha)” a bunaíodh chun tacú le tógáil árasán a bheidh ar díol le húinéirí lonnaitheacha. Is é is aidhm leis an Scéim an “Bhearna Inmharthanachta” atá ann faoi láthair a dhúnadh idir costas tógála árasán agus an praghas díola margaidh (lena mbaineann costas tógála níos airde). Is é €450,000,000 an caiteachas Caipitiúil atá beartaithe don Scéim agus gheofar ar ais go díreach é ón Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH). Meastar go mbeidh caiteachas suntasach ann ón mbliain 2025 go dtí an bhliain 2027.

Ciste Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta – Tá athbhreithniú á dhéanamh ag DHLGH faoi láthair ar fheidhmiú Chiste Imrothlach Fálacha na Gníomhaireachta Tithíochta. Ceadaíodh athdháiltí páirteacha ón gciste (Scéim Cíos Costais do Thionóntaí in Situ agus Tús Áite do Thithíocht). Leanann DHLGH, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Tithíochta, ag plé leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPNDPDR) maidir le hiarmhéid Chiste Imrothlach Fálacha na Gníomhaireachta Tithíochta.

Scéim Cíos Costais do Thionóntaí in Situ (CRTiS) – Tháinig an scéim seo i bhfeidhm ar bhonn riaracháin ar an 01 Aibreán 2023 mar bheart eatramhach chun dul i ngleic leis na cúinsí a bhain le deireadh na ‘Tréimhse Éigeandála Geimhridh’ ar an 31 Márta 2023. Tá an scéim ar fáil do thionóntaí sa chás go mbeidh ar theaghlach bogadh amach as áit chónaithe mar gheall ar rún an tiarna talún an t-ionad réadmhaoine a dhíol. Tá Údaráis Áitiúla freagrach as measúnú a dhéanamh ar riosca an iarrthóra maidir le heaspa dídine agus ar a incháilitheacht do thithíocht shóisialta. Más é toradh an mheasúnaithe sin go bhfuil siad i mbaol ach nach bhfuil siad incháilithe do thithíocht shóisialta mar gheall ar a n-ioncam, cuirtear ar aghaidh ansin iad chuig an nGníomhaireacht Tithíochta chun go ndéanfaidh siadsan measúnú ar a n-incháilitheacht faoin reachtaíocht um Chíos Costais, bunaithe ar ioncam an teaghlaigh. Má tá teaghlach incháilithe, téann an Gníomhaireacht Tithíochta i dteagmháil le húinéir/gníomhaire an ionaid réadmhaoine d’fhonn an t-ionad réadmhaoine a cheannach. Tá caiteachas caipitiúil agus oibríochtúil don scéim CRTiS á mhaoiniú as leithdháileadh sonraíthe ó Chiste Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta atá ann cheana.

Tús Áite do Thithíocht – I mí Iúil 2023, d’fhaomh DHLGH (le cead an DPNDPDR) athdháileadh €15,000,000 as Ciste Imrothlach Fálacha na Gníomhaireachta Tithíochta atá ann cheana chun tacú leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun ionaid réadmhaoine Tús Áite do Thithíocht a fháil sna blianta 2023/2024.

An Ciste um Cheannach Talún le haghaidh Tithíocht do Chách - Talamh a sholáthar d’Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe an aidhm atá leis an gCiste seo chun go bhféadfaidh siad níos mó tithíocht shóisialta a sholáthar mar atá leagtha amach i gCuspóir 4 sa bheartas Tithíocht do Chách. Fuarthas iarratais tosaigh ar an gCiste i mí na Bealtaine 2023. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta freagrach as measúnú a dhéanamh ar iarratais a bhaineann le láithreán a chomhlíonann critéir oiriúnachta agus as ceannach na láithreán sin a éascú. Chuir DHLGH maoiniú €125,000,000 ar fáil go déanach sa bhliain 2022 le haghaidh an chaiteachais chaipitiúil agus oibríocháin a bhaineann leis an scéim. Meastar go mbeidh caiteachas suntasach ann le linn Ráithe 3 agus Ráithe 4 na bliana 2023.

## Nótaí A Ghabhann Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch An 31 Nollaig 2022

An Scéim Deontais um Bloic Choincréite Lochtacha – Síníodh an tAcht um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Coincréite Lochtach, 2022 ina dhlí ar an 22 Meitheamh 2023. Eisíodh na Rialacháin ar an 3 Iúil 2023 nuair a chuir an tAire tús leis an Scéim. Tá foráil san Acht, 2022 do ról na Gníomhaireachta Tithíochta agus tá foráil sna Rialacháin, 2023 do shonraí nach bhfuil san áireamh san Acht sin. Is éard atá i gceist go príomha le ról na Gníomhaireachta Tithíochta ná athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais féachaint an nglacfar isteach sa scéim deontais iad. Is iarratais iad seo a chuireann údaráis áitiúla ainmnithe chucu, mar gheall ar dhamáiste, agus ansin nuair a bhíonn an t-athbhreithniú déanta acu cuireann siad cinntí ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla ábhartha maidir le roghanna leasúcháin agus méid na ndeontas.

STAR - Is éard atá i gceist leis an scéim infheistíochta um Thionóntacht Sheasmhach ar Cíos Inacmhainne, a fógraíodh i mí Iúil 2023, ná soláthar Áitreabh ar Cíos de réir Costais a thabhairt chun cinn, go háirithe i gceantair uirbeacha. Ní mór áitribh a chuirtear ar fáil faoi Scéim STAR a ainmniú mar áitribh ar Cíos de réir Costais faoin reachtaíocht um Chíos Costais mar atá leagtha amach i gCuid 3 den Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021.

Déanfaidh an Gníomhaireacht Tithíochta an Scéim a bhainistiú thar ceann DHLGH agus déanfar í a riar i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach san Acht, 2021.

CREL - Rinne DHLGH athbhreithniú ar an scéim lasachta ar Chothromas Cíos de réir Costais agus cuireadh i gcrích é i mí Iúil 2023. Ceadaíodh athruithe ar CREL, rinneadh teorainneacha ioncaim a mhéadú agus tugadh gné maoinithe infheistíochta cothromais stáit isteach atá ar fáil do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.


An Scéim um Lochtanna in Árasáin agus in Árasáin dhá Urlár - D'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Cód Cleachtais um Leasú Lochtanna Sábháilteachta Dóiteáin i mí Iúil 2023. Cuirfidh an cháipéis seo bonn eolais faoi oibreacha leasúcháin ar árasáin agus ar árasáin dhá urlár a tógadh idir 1991 agus 2013 agus a bhfuil lochtanna sábháilteachta dóiteáin iontu. Beidh ról ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le bearta eatramhacha sábháilteachta dóiteáin a chur i bhfeidhm in árasáin lochtacha, go dtí go n-ullmhófar reachtaíocht lena gcuirfean an scéim fhoriomlán um árasáin lochtacha i bhfeidhm.

Gnóthas leantach - Measann an Bord, ós rud é go soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís phoiblí a mhaoineítear le hairgead ón Stáitchiste, trína mháthair-roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta, go bhfuil sé iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint ar an 24th Deireadh Fómhair 2023.





**The Housing Agency**

53 Mount Street Upper  
Dublin, D02 KT73

 (01) 656 4100

 [info@housingagency.ie](mailto:info@housingagency.ie)

 [housingagency.ie](http://housingagency.ie)



**An Ghníomhaireacht  
Tithíochta**  
The Housing Agency